Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Clúdach do Phlean Gníomhaíochta an Rialtais um Éagsúlú an Mhargaidh

Lúnasa 2025





# Clár na nÁbhar


**Réamhrá leis an Tánaiste** 4

**Réamhrá leis an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta** 6

**Achoimre** 9

**Intreoir** 10

**Cur Chuige i leith an Phlean Gníomhaíochta** 11

Cuspóirí 11

Forbairt agus Cur i bhFeidhm 12

**Cuspóir 1: Tacú le Gnólachtaí Easpórtála agus le Rochtain ar an Margadh** 13

Tacaíochtaí Gníomhaireachta Feabhsaithe agus Fócas ar Éagsúlú an Mhargaidh 15

An Geilleagar Uile-Oileáin a Ghiaráil mar Thúsphointe chun Easpórtáil a Mhéadú 20

Rochtain ar an Margadh a Chur Chun Tosaigh ar son Easpórtálaithe na hÉireann 22

Obair a Dhéanamh chun Margaí Nua agus Deiseanna Nua sa Mhargadh a Chruthú agus a Fhorbairt ar son Cuideachtaí atá Bunaithe in Éirinn, Laistigh den AE san Áireamh 24

**Cuspóir 2: Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta na hÉireann a Dhoimhniú agus a Fhairsingiú** 26

Láithreacht Eacnamaíoch an Stáit in Áiteanna Straitéiseacha Barrthábhachtacha a Mhéadú 28

Coimisiúin Chomhpháirteacha Eacnamaíochta a Fheabhsú 36

Tithe na hÉireann Nua a Fhorbairt mar Ardáin Mhóra Bholscaireachta i Suíomhanna Barrthábhachtacha 37

Fócas Trádála agus Eacnamaíochta a Fheabhsú i Straitéisí Réigiúnacha agus i Straitéisí Eile a bhfuil Fócas Idirnáisiúnta Acu 37

**Cuspóir 3: Misin Trádála agus Turasóireachta a Sheachadadh le hAghaidh Tionchair Straitéisigh** 39

Seachtain Misean Trádála de chuid Fhoireann na hÉireann a Atosú agus Tuilleadh Misean Trádála Il-Aire a Chur Chun Cinn 41

Clár Uaillmhianach de Mhisin Trádála agus Turasóireachta a bhfuil Tionchar Mór Aige a Sheachadadh 42

Lá Fhéile Pádraig 2026 43

Luach na Misean Trádála agus Turasóireachta a Uasmhéadú chun a nÉifeachtacht agus a Seachadadh Amach Anseo a Bharrfheabhsú 44

**Cuspóir 4: Ullmhacht Intíre a Fheabhsú i leith Rannpháirtíocht agus Comhpháirtíocht Eacnamaíoch** 46

Iomaíochas agus Táirgiúlacht 47

Straitéisí Earnálacha Barrthábhachtacha 47



**Teach na hÉireann nua i dTóiceo.**
Sonraí an Ghrianghrafadóra: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

# Réamhrá leis an Tánaiste

# Réamhrá leis an Tánaiste



Is geilleagar trádála domhanda oscailte í Éire. Tá an oscailteacht sin ina gné lárnach dár rath eacnamaíoch leanúnach. Mar gheall ar bhunchloch láidir de chuideachtaí easpórtála ilnáisiúnta agus Éireannacha, i gcomhar le fórsa saothair sároilte agus le rochtain ar Mhargadh Aonair an Aontais Eorpaigh agus ar líonra an AE de chomhaontuithe trádála, tá bonn tionsclaíoch láidir á chruthú againn, rud a chruthaigh poist, a mhéadaigh líon na n-onnmhairí, a chothaigh nuálaíocht agus a d’ardaigh ár gcaighdeán maireachtála.

Ní féidir linn, áfach, talamh slán a dhéanamh den rath eacnamaíoch sin. Tá dúshláin nua roimh an tsamhail eacnamaíoch a bhfuilimid ag brath uirthi, rud atá bunaithe ar gheilleagar láidir fiontraíochta, saorthrádáil, iomaíochas agus nuálaíocht.

Tríd an Straitéis Éire Dhomhanda, rinneamar ár n-infheistíocht i margaí reatha agus i margaí a bhfuil ardacmhainn iontu a dhoimhniú agus a fhairsingiú. Anois an t-am dlús a chur leis an bpróiseas seo.

Mar sin, tá sé in am dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar ár margaí ar fud an domhain agus, níos tábhachtaí, ar na tacaíochtaí a chuireann an Rialtas agus a Ghníomhaireachtaí ar fáil chun tacú le gnóthaí na hÉireann. Beidh Margadh Aonair an AE agus an RA, arna dtreisiú ag na Comhaontuithe AE-RA le déanaí agus ag an uaillmhian atá i Ráiteas Comhpháirteach RA-na hÉireann 2030, ina margaí ríthábhachtacha i dtaca leis seo. Beidh Stáit Aontaithe Mheiriceá, comhpháirtí trádála agus infheistithe is mó na hÉireann, an-tábhachtach freisin, ar ndóigh, agus muid ag leanúint de thrádáil agus d’infheistiú ansin. Tá an Áise, a bhfuil níos mó ná dhá thrian d’fhás domhanda bliantúil aici, láidir freisin inár réimsí maidir le tuilleadh fáis.

Déanfaimid infheistiú freisin inár gcaidrimh i margaí nua agus iad siúd atá ag teacht chun cinn agus déanfaimid na deiseanna a chuireann siad ar fáil do ghnólachtaí in Éirinn a shainaithint agus a ghlacadh. Tá infheistiú suntasach déanta ag an Rialtas cheana féin i dtaca leis sin, i gcruth acmhainní suntasacha breise i dtaobh gníomhaireachtaí an Stáit agus gníomhaireachtaí taidhleoireachta san Áise, sa Mheiriceá Laidineach, san Afraic agus sa Mhurascaill faoi Éire Dhomhanda 2025. Déanann misin taidhleoireachta ionadaíocht d’Éirinn anois i níos mó ná 100 cathair ar fud an domhain, a bhfuil cur chun cinn trádála mar chroí-thosaíocht acu go léir.

Forbraíodh an Plean Gníomhaíochta seo le hionchur ó Ranna ar fud an Rialtais agus ó ghníomhaireachtaí an Stáit, mar aitheantas go bhfuil gá le gníomhaíocht chomhbheartaithe más mian linn tacú go héifeachtach le gnólachtaí maidir lena n-uaillmhianta i leith éagsúlú margaidh. Tá sé sin i gcomhréir lenár ngealltanas sa Chlár Rialtais chun tacú le fiontair atá bunaithe in Éirinn.

Déanfaidh Fóram Trádála an Rialtais monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta.

Leis an bPlean Gníomhaíochta seo agus leis an bPlean Gníomhaíochta um Iomaíochas agus Táirgiúlacht, a eiseofar níos déanaí i mbliana, cuirtear béim ar ghealltanas an Rialtais go dtacófar le gnólachtaí, go gcosnófar poist agus go ndéanfar bearta riachtanacha chun ár dteacht aniar náisiúnta a fheabhsú maidir le treochtaí eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn.



Simon Harris T.D.
An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

# Réamhrá leis an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta

# Réamhrá leis an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta



Is cúis áthais dom an Plean Gníomhaíochta um Éagsúlú an Mhargaidh seo a chur i láthair, plean atá comhfhorbartha ag an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta agus ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Tá an Plean Gníomhaíochta mar thoradh ar rannpháirtíocht fhairsing ar fud an Rialtais agus lenár nGníomhaireachtaí Stáit. Tá sé ríthábhachtach go gcothaímid agus go neartaímid ár gcaidrimh trádála reatha nuair a bhíonn deiseanna ann chuige sin, agus ag an am céanna déanaimid iarracht leathnú agus éagsúlú a dhéanamh i margaí nua.

Bhí oscailteacht na hÉireann don domhan mar bhonn faoinár rath eacnamaíoch i gcónaí—ár gcumas chun trádáil, nuálaíocht agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta láidre a chothú. I dtimpeallacht dhomhanda atá ag éirí níos casta agus níos neamhchinnte mar atá ann inniu, ní mór an oscailteacht sin a bheith comhoiriúnach le hathléimneacht, lúfaireacht agus fadbhreathnaitheacht straitéiseach. Tá Plean Gníomhaíochta an Rialtais um Éagsúlú an Mhargaidh ina fhreagra tráthúil uaillmhianach ar an dúshlán sin.

Leis an bPlean Gníomhaíochta seo, leagtar amach treochlár soiléir comhordaithe chun athléimneacht eacnamaíoch dhomhanda na hÉireann a neartú trínár n-ionchais infheistithe agus trádála a fhairsingiú. Leis an bplean seo, léirítear gealltanas uile-Rialtais chun tacú le gnólachtaí na hÉireann agus iad ag dul i ngleic le hathruithe agus ag baint leas as deiseanna nua.

Tá tírdhreach trádála domhanda ag athrú go tapa. Tá teannas geopholaitiúla, timpeallacht rialála atá ag athrú agus suaitheadh sa slabhra soláthair ag déanamh athmhúnlú ar an mbealach agus an áit a ndéantar gnó. Ní mór dár gcomhpháirtíochtaí trádála fadbhunaithe, neartaithe thar na blianta, maireachtáil agus éabhlóidiú. Ag an am céanna, tá margaí nua ag teacht chun cinn, tá teicneolaíochtaí digiteacha ag athrú tionsclaíochta ó bhonn agus tá borradh faoin éileamh domhanda ar réitigh inbhuanaithe. Sa chomhthéacs sin, ní hamháin gur rogha straitéiseach é éagsúlú an mhargaidh, ach is riachtanas eacnamaíoch é.

Tógadh an plean seo ar cheithre chroíchuspóir:


- **Tacú le Gnólachtaí Easpórtála agus le Rochtain ar an Margadh –** ag cinntiú go bhfuil na huirlisí, léargais agus tacaíochtaí ag fiontair na hÉireann, fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) go háirithe, atá ag teastáil uathu acu go léir chun éirí leo i margaí nua agus reatha.
- **Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta na hÉireann a Dhoimhniú agus a Fhairsingiú–** ár láithreacht gníomhaireachta agus taidhleoireachta i réigiúin ríthábhachtacha a mhéadú agus tionchar ár líonraí diaspóra agus domhanda a threisiú chun doirse a oscailt do ghnólachtaí na hÉireann.
- **Misin Trádála agus Turasóireachta a Sheachadadh le hAghaidh Tionchair Straitéisigh–** feiceálacht na hÉireann a fheabhsú mar chomhpháirtí iontaofa agus mar cheann scríbe le haghaidh trádála, infheistíochta agus turasóireachta.
- **Ullmhacht Intíre a Fheabhsú i leith Rannpháirtíocht agus Comhpháirtíocht Eacnamaíoch–** ag cinntiú go dtacaíonn ár mbeartais intíre, bonneagar agus timpeallacht rialála le hiomaíochas idirnáisiúnta agus le nuálaíocht.

Aithnítear sa phlean freisin an tábhacht a bhaineann le hailíniú le straitéisí níos leithne an AE agus domhanda. Cuireann sé le rannchuidiú na hÉireann i gclár oibre athraitheach an AE agus léiríonn sé ár ngealltanas do thrádáil idirnáisiúnta atá oscailte agus bunaithe ar rialacha. Tacaíonn sé freisin le huaillmhianta Straitéis Trádála agus Infheistíochta an Rialtais, Éire Dhomhanda 2025 agus creat Eire Dhomhanda 2040 atá le teacht go luath.

Rud atá tábhachtach, ní tionscnamh aonuaire é an Plean Gníomhaíochta seo. Is creat beo é a athróidh de bharr forbairtí domhanda agus riachtanais ghnólachtaí na hÉireann. Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú air go rialta, mar aon le rannpháirtíocht fhíor-ama agus le hionchur ónár ngníomhaireachtaí agus ónár bpáirtithe leasmhara gnó. Leis sin, cinntítear go bhfanfaidh an plean dinimiciúil, freagrúil agus éifeachtach.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don ról ríthábhachtach atá ag ár ngníomhaireachtaí fiontraíochta, turasóireachta agus bia, ár líonra taidhleoireachta, agus ár bpobal gnó chun an Plean Gníomhaíochta seo a mhúnlú agus a sheachadadh. Tá a léargais, a n-uaillmhian agus a ngealltanas lárnach do rath an Phlean.

Leis an bPlean Gníomhaíochta um Éagsúlú an Mhargaidh seo, léirítear ár n-uaillmhian chomhroinnte chun geilleagar na hÉireann a dhéanamh níos athléimní, níos iomaíche agus níos nasctha go domhanda—ceann a sholáthraíonn fás inbhuanaithe, fostaíocht ardchaighdeáin agus deiseanna do chách.



Peter Burke, TD
An tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta



# Achoimre

Is féidir an achoimre seo a leanas a dhéanamh ar phríomhghnéithe an Phlean Gníomhaíochta:

- Deiseanna Nua Margaidh a Shainaithint: Éileamh gnó curtha san áireamh, tionchar saineolais gach roinne agus gach gníomhaireachta a threisiú chun margaí agus earnálacha atá ag teacht chun cinn a shainaithint ina bhféadfadh Éire a láithreacht a mhéadú.
- Deiseanna gnólachtaí reatha a uasmhéadú, tríd ár mballraíocht i Margadh Aonair an AE agus trí ghnéithe sármhaithe Comhaontuithe Saorthrádála (CSTanna) amhail CETA a dhaingniú go tapa, agus trí Chomhaontuithe Cosanta Infheistíochta le Singeapór agus Vítneam.
- Ag feidhmiú go comhoibríoch ar leibhéal an AE chun iomaíochas a fheabhsú agus deireadh a chur le baic ar thrádáil sa mhargadh aonair, ionas go bhféadfadh fiontair Éireannacha rochtain éasca a fháil ar ár margaí, a bhfuil 450 milliún tomhaltóir iontu.
- Breithnithe atá sainiúil don earnáil: Aghaidh a thabhairt ar na riachtanais agus na láidreachtaí sonracha atá ag earnálacha éagsúla, cur chuige iomlánaíoch agus saincheaptha i leith éagsúlú margaidh a chinntiú agus ag an am céanna tacaíocht a thabhairt do bhonn iomaíoch fiontraíochta ar leibhéal intíre agus leibhéal an AE.
- Leas a bhaint as taithí, eolas agus dea-mhéin líonraí gnó an diaspóra chun tacú le méadú ghnólachtaí na hÉireann in áiteanna atá tábhachtach ó thaobh straitéise de agus an deis a thapú, a oiread agus is féidir, chun ceangail, saineolas agus léargais thar a bheith luachmhar ó shaoránaigh na hÉireann a bhfuil cónaí orthu thar lear a chur chun tairbhe chun tacú le tosaíochtaí trádála agus infheistíochta an Rialtais.
- Rannpháirtíocht a athnuachan le ceannairí gnó a bhfuil nasc acu le hÉirinn agus le cinnteoirí ardleibhéil bunaithe thar lear.
- Comhoibriú a Chothú: Comhoibriú agus cumarsáid leanúnach idir gníomhaireachtaí agus Ranna a threisiú chun ailíniú a chaomhnú agus chun dul i dtaithí ar dhálaí athraitheacha domhanda. Leanfaidh Teach na hÉireann de ról tábhachtach a imirt i dtaca leis sin.
- Athbhreithniú ar Straitéis an Rialtais um Thrádáil agus Infheistíocht reatha a thabhairt chun tosaigh agus Straitéis um Thrádáil agus Infheistíocht nua a fhoilsiú i gcomhréir le straitéisí réigiúnacha agus náisiúnta de chuid Éire Dhomhanda 2040.
- Staidéir eacnamaíocha a choimisiúnú agus a fhoilsiú le haghaidh margaí ina bhfuil comhaontuithe trádála agus infheistíochta an AE agus Comhaontuithe um Chánachas Dúbailte arna gcomhaontú le déanaí, d'fhonn deiseanna a eascraíonn ó na comhaontuithe sin a shainaithint agus a uasmhéadú do chuideachtaí atá bunaithe in Éirinn.
- Straitéis Chothrománach nua maidir leis an Margadh Aonair a Chur i bhFeidhm. An Margadh Aonair: I saol neamhchinnte an lae inniu, cuireann ár mBallraíocht Eorpach an Margadh Aonair i láthair mar an phríomhchúis le rathúnas agus iomaíochas na hEorpa agus de mhargadh seasmhach bríomhar na hEorpa de bhreis is 450 milliún tomhaltóir, margadh nach bhfuil gnólachtaí an AE chomh nochta d'éiginnteachtaí domhanda agus de phreaba sa mhargadh.
- Borradh a chur faoi nuachóiriú seachadta seirbhíse víosa chun próiseas éifeachtach, cothrom agus intuartha a chinntiú a éascaíonn taisteal isteach go hÉirinn le haghaidh gnó, lena n-áirítear oibrithe, mic léinn agus turasóirí atá ríthábhachtach agus luachmhar a mhealladh.
- Athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar dheiseanna d'Éirinn laistigh de mhaitrís na gcomhchainteanna saorthrádála reatha agus féideartha araon san AE agus réimsí deiseanna d'Éirinn á lorg.
- Leanúint de líonra conartha cánach na hÉireann a fhairsingiú agus a fheabhsú, trí Chomhaontuithe um Chánachas Dúbailte nua agus reatha a dhéanamh, i gcomhréir leis an Ráiteas Beartais um Chonradh Cánach a foilsíodh, chun sruthanna trádála agus infheistíochta idir Éire agus comhpháirtithe conartha cánach domhanda a spreagadh.

# Intreoir

I bhfianaise éiginnteachta eacnamaíche domhanda nár tháinig a samhail riamh roimhe, á tiomáint ag cúlra geopholaitiúil dinimiciúil agus ag tírdhreach atá ag athrú go tapa maidir le trádáil bunaithe ar rialacha, tá sé tábhachtach d'Éirinn leas a bhaint as ár láidreachtaí mar náisiún trádála oscailte tríd ár gcaidreamh seanbhunaithe a mhéadú faoi dhó le margaí seanbhunaithe agus trí chaidreamh nua a bhunú le margaí ardfháis níos nuaí. Tá samhail eacnamaíoch na hÉireann bunaithe ar rochtain oscailte ar mhargaí idirnáisiúnta éascaithe ag trádáil oscailte agus ag sruthanna infheistíochta. Tá an náisiún íogair go háirithe d'athruithe ar dhinimic trádála domhanda agus ar luaineachtaí airgeadra.

Mar gheall ar bhallraíocht san Aontas Eorpach (AE), cuirtear rochtain ar fáil do ghnólachtaí na hÉireann ar an Mhargadh Aonair, ina bhfuil 450 milliún duine, chomh maith le líonra cuimsitheach de chomhaontuithe trádála saora agus fabhracha an AE le breis agus 70 tír. Lena chois sin, cuireann na rialacha ar comhaontaíodh ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO) bunús ar fáil le haghaidh cinntí maidir le hinfheistiú agus le trádáil sheasmhach le mórchomhpháirtithe eile.

Mar sin féin, tá an fhéidearthacht ann go gcuirfeadh athruithe le déanaí sa timpeallacht dhomhanda maidir le beartas trádála, lena n-áirítear taraifí nua agus ionchasacha, isteach go tromchúiseach ar shlabhraí soláthair domhanda agus ar shlabhraí luacha ina bhfuil Éire leabaithe faoi láthair, mura féidir na saincheisteanna seo a réiteach go sásúil. Leanfaidh ionchur i bhfreagairt beartais trádála an AE ar an timpeallacht athraithe seo, agus rannchuidiú na hÉireann le comhchainteanna trádála íogaire, de bheith ina phríomhthosaíocht oibre.

De réir mar a leanann cur isteach ar chúrsaí geopholaitíochta ar aghaidh agus de réir mar a fhanann beartais trádála de bheith doiléir, tá riosca méadaithe roimh chinnteoirí domhanda ina bpróisis phleanála. Maolaíonn an timpeallacht éiginnteachta sin muinín infheisteoirí agus cuireann sí moill ar chinntí ríthábhachtacha gnó, as a leanann costais shuntasacha maidir le deiseanna, i bhfoirm infheistíochtaí a ligtear thar ceal.

Chun rioscaí reatha a mhaolú agus chun athléimneacht eacnamaíoch a threisiú, tá gá le Plean Gníomhaíochta an Rialtais um Éagsúlú an Mhargaidh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Leis an bplean sin, baintear leas as for-rochtain dhomhanda fhairsing na hÉireann agus as léargas ónár líonra de mhisin thar lear agus ó ghníomhaireachtaí Stáit ar an margadh.

Tá rochtain níos saoire agus níos daingne ar mhargaí domhanda d'fhiontair Éireannacha ar cheann de phríomhaidhmeanna Phlean Ghníomhaíochta an Rialtais um Iomaíochas agus Táirgiúlacht freisin. Mar sin, tá Plean Gníomhaíochta um Éagsúlú an Mhargaidh i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta um Iomaíochas agus Táirgiúlacht agus tá an dá phlean mar chuid de fhreagairt an rialtais ar dhúshláin an lae inniu. Le cur chuige réamhghníomhach i leith éagsúlú an mhargaidh, cabhrófar le hathléimneacht eacnamaíoch na hÉireann a chur chun cinn, iomaíochas agus táirgiúlacht a chothú agus ár samhail trádála agus infheistíochta a neartú agus tacú léi, rud lena gcinntítear fás inbhuanaithe i ngeilleagar domhanda atá ag éirí níos dothuartha. Beidh acmhainneacht ag na deiseanna a shainaithnítear sa Phlean Gníomhaíochta seo um Éagsúlú an Mhargaidh seasamh eacnamaíoch na hÉireann a threisiú agus ár gcaidrimh thrádála a neartú agus éagsúlú á dhéanamh i margaí nua ardfháis.

# Cur Chuige i leith an Phlean Gníomhaíochta

## Cuspóirí

Is é cuspóir uileghabhálach Phlean Gníomhaíochta an Rialtais um Éagsúlú an Mhargaidh conair a dhéanamh chun cabhrú agus tacú le gnólachtaí – móra agus beaga – na hÉireann chun dul i dtaithí ar an timpeallacht nua seo trí aghaidh a thabhairt ar mhargaí nua éagsúla agus trína rannpháirtíocht i margaí atá ann cheana féin a dhoimhniú. Is toradh é ar mhachnamh a dhéanamh ar na tacaíochtaí atá ar fáil faoi láthair go hintíre agus go hidirnáisiúnta do chuideachtaí easpórtála atá bunaithe in Éirinn. Chuige seo, leagann an Plean Gníomhaíochta bearta sonracha amach d'Fhoireann na hÉireann, e.g. an líonra misean thar lear in 105 áit, a bhfuil dlúthbhaint acu le gníomhaireachtaí fiontraíochta, turasóireachta, bia, taighde agus gníomhaireachtaí bolscaireachta eile an Stáit chun athdhíriú ar mhargaí agus ar earnálacha a chuireann deiseanna sa bhreis ar fáil maidir le trádáil, infheistiú agus caidreamh tairbheach a fhorbairt i dtimpeallacht eacnamaíoch dhomhanda atá ag athrú go tapa. Beartaítear leis an bPlean Gníomhaíochta seo tacú le fás leanúnach na hÉireann, onnmhairí a mhéadú ar bhealach inbhuanaithe, ár gcaidreamh trádála agus infheistíochta a dhoimhniú agus a fhairsingiú, fostaíocht ardchaighdeáin a mhéadú agus geilleagar na hÉireann a threisiú.

I láthair na huaire, is iad Stáit Aontaithe Mheiriceá ár gcomhpháirtí trádála is mó (allmhairí agus onnmhairí). Sa bhliain 2024, bhí 30% de thrádáil iomlán na hÉireann leis na Stáit Aontaithe – chomh maith leis sin b'ionann an margadh sin agus 43% d'allmhairí (earraí agus seirbhísí) na hÉireann agus 19% d'onnmhairí na hÉireann. Sa bhliain 2024, b'ionann onnmhairí iomlán chuig na Stáit Aontaithe agus €132 billiún, agus b'ionann allmhairí iomlán agus €245 billiún, rud a fhágann gurb é €377 billiún an figiúr iomlán trádála leis na Stáit Aontaithe. Bhí easnamh €113 billiún sa trádáil ag Éirinn leis na Stáit Aontaithe sa bhliain 2024 nuair a bhreathnaítear ar thrádáil iomlán (earraí agus seirbhísí). Ba cheart Éagsúlú Trádála a mheas mar a bheadh Éire ag teacht isteach i dtréimhse nua d'fhorbairt i gcúrsaí trádála, seachas a bheith ag bogadh ar shiúil ó mhargadh na Stát Aontaithe agus ó na deiseanna a chuireann sé ar fáil, agus fócas dírithe ar laghdú riosca trí fhás trádála thar ár margaí traidisiúnta. Ag an am céanna, ba cheart forbairt láithreacht ilnáisiúnta na hÉireann thar lear a spreagadh agus a mheas mar aibiú nádúrtha ár gcuideachtaí dúchasacha in Éirinn.

Áirítear le comhthéacs straitéiseach an Phlean Gníomhaíochta Straitéis Trádála agus Infheistíochta an Rialtais 2022 – 2026, Luach d'Éirinn, Luachanna don Domhan, an Straitéis Éire Dhomhanda 2025, straitéisí réigiúnacha, straitéisí gníomhaireachtaí Stáit agus atá sainiúil don earnáil agus straitéisí cothrománacha, amhail na straitéisí nua dar teideal Oileán Sileacain: Straitéis Náisiúnta Leathsheoltóra na hÉireann agus Saoránaigh Dhomhanda 2030 - Straitéis Idirnáisiúnta na hÉireann um Thallann agus Nuálaíocht Idirnáisiúnta. I gcomhréir le gealltanais sa Chlár Rialtais, cuirfidh an Plean Gníomhaíochta seo agus leaganacha dó amach anseo le straitéisí sa todhchaí, agus forbróidh siad dá réir. Áirítear leis sin Éire Dhomhanda 2040, an Straitéis Nua Diaspóra 2026, straitéisí réigiúnacha nua agus ár Straitéis Náisiúnta um Eolaíocht na Beatha atá le teacht, ár Straitéis Spáis, etc. Cuirfear athbhreithniú ar an Straitéis um Thrádáil agus Infheistíocht i gcrích sa bhliain 2025.

Ag cur leis an gclár gníomhaíochta feabhsaithe a phléigh an Rialtas i mí na Bealtaine 2025, tá an Plean Gníomhaíochta um Éagsúlú an Mhargaidh bunaithe ar cheithre chuspóir:

- Tacú le Gnólachtaí Easpórtála agus le Rochtain ar an Margadh
- Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta na hÉireann a Dhoimhniú agus a Fhairsingiú
- Misin Trádála agus Turasóireachta a Sheachadadh le hAghaidh Tionchair Straitéisigh
- Ullmhacht Intíre a Fheabhsú i leith Rannpháirtíocht agus Comhpháirtíocht Eacnamaíoch



## Forbairt agus Cur i bhFeidhm

Beidh cur chuige uile-Rialtais Fhoireann na hÉireann riachtanach chun uaillmhian an Phlean Gníomhaíochta seo um Éagsúlú an Mhargaidh a chomhlíonadh.

Le linn don Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta agus don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála an straitéis seo a fhorbairt, bhí ionchur á lorg acu ó Ranna éagsúla an Rialtais agus ó ghníomhaireachtaí éagsúla Stáit. Tá an cur chuige comhoibríoch sin ríthábhachtach chun straitéisí a ailíniú agus chun leas a bhaint as saineolas ar fud earnálacha éagsúla agus i margaí éagsúla.

Déanfaidh Foireann Margaidh na Ceanncheathrún (HQMT), faoi chomhchathaoirleach na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta agus na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta seo agus beidh siad freagrach don Choiste Comh-Aireachta um Gheilleagar, Trádáil agus Iomaíochas dá réir.

Beidh ról tábhachtach ag gnólachtaí agus a bhfostaithe, mar aon le grúpaí ionadaíocha eile, chun cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta a bhaint amach. Beidh ról thar a bheith tábhachtach ag Fóram Trádála an Rialtais, arna bhunú ag an Tánaiste agus ag an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, ionas gur féidir le hAirí an Rialtais as réimsí punanna ábhartha cumarsáid a dhéanamh go díreach le páirtithe leasmhara agus le saineolaithe de réir mar a mhúnlaímid an fhreagairt náisiúnta ilghnéitheach ar na dúshláin trádála roimh ár dtír agus roimh an earnáil gnó go háirithe.

Beifear in ann leas a bhaint as gnéithe an Phlean Gníomhaíochta, in am trátha, chun an Straitéis nua um Thrádáil agus Infheistíocht agus Éire Dhomhanda 2040 a ullmhú.



# Cuspóir 1:
# Tacú le Gnólachtaí Easpórtála agus le Rochtain ar an Margadh

# Cuspóir 1: Tacú le Gnólachtaí Easpórtála agus le Rochtain ar an Margadh



**Íomhá ó Fhóram Trádála an Rialtais ina bhfuil Jack Chambers TD, an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, Simon Harris TD, an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Paschal Donohoe TD, an tAire Airgeadais agus Niamh Smyth TD, an tAire Stáit le freagracht as Cur Chun Cinn Trádála, Intleacht Shaorga agus Claochlú Digiteach.** Sonraí an Ghrianghrafadóra: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Braitheann athléimneacht eacnamaíoch leanúnach na hÉireann ar chumas a gnóthaí dul san iomaíocht agus bheith faoi bhláth i margadh domhanda dinimiciúil. De réir mar a athraíonn tírdhreacha trádála idirnáisiúnta, a dtéann athruithe geopholaitiúla, forbairtí teicneolaíochta agus éilimh athraitheacha tomhaltóirí i bhfeidhm orthu, tá sé ríthábhachtach go mbeadh na huirlisí, an t-eolas agus an rochtain ag easpórtálaithe na hÉireann a bheadh ag teastáil uathu ionas go n-éireodh leo.

Leis an gcuspóir sin, dírítear ar an mbonn a neartú maidir le fás atá bunaithe ar onnmhairiú trí na tacaíochtaí atá ar fáil do ghnóthaí a fhorbairt, rochtain ar mhargaí idirnáisiúnta a fheabhsú agus bonn onnmhairiúcháin níos sofhreagrúla agus níos éagsúlaithe a chothú. Leis sin, aithnítear go bhfuil riachtanas méadaithe ann chun deiseanna nua a fhiosrú agus róspleáchas ar aon réigiún nó ar aon earnáil aonair a laghdú, cé go bhfuil margaí traidisiúnta fós ríthábhachtach.

Chun é sin a bhaint amach, leagann an Plean Gníomhaíochta amach sraith tionscnamh a cheaptar chun:

- Tacaíocht ghníomhaireachta a dhoimhniú le haghaidh cuideachtaí atá ag iarraidh a margaí easpórtála a éagsúlú.
- Leas a bhaint as buntáistí uathúla an gheilleagair uile-oileáin chun trádáil agus nuálaíocht trasteorann a spreagadh.
- Rochtain ar an margadh a chur chun cinn agus a chosaint d'earraí agus do sheirbhísí Éireannacha trí rannpháirtíocht agus abhcóideacht straitéiseach.
- Deiseanna nua margaidh a shainaithint agus a chothú, laistigh den AE agus go domhanda araon, chun a chinntiú go bhfanfaidh gnólachtaí atá bunaithe in Éirinn iomaíoch agus réidh don todhchaí.

Leis na míreanna seo a leanas, tugtar eolas faoi phríomhchatagóirí na gníomhaíochta faoin gcuspóir sin, agus cuireann gach ceann acu le geilleagar easpórtála níos athléimní, níos seachtraí agus bunaithe níos mó ar dheiseanna.

## Tacaíochtaí Gníomhaireachta Feabhsaithe agus Fócas ar Éagsúlú an Mhargaidh

De bharr timpeallachta trádála domhanda atá ag éirí níos casta, tá na Ranna ceannasaíochta ag obair go dlúth le príomhghníomhaireachtaí chun athléimneacht easpórtála na hÉireann a neartú agus chun tacú le gnólachtaí a dteagmháil sa mhargadh a éagsúlú. Tá fócas lárnach ann ar chuideachtaí a ullmhú, go háirithe na cinn a ndeachaigh taraifí nó neamhchosaint chomhchruinnithe ar an margadh i bhfeidhm orthu, leis an saineolas, na huirlisí agus treoir straitéiseach atá ag teastáil uathu chun rioscaí a mhaolú agus chun deiseanna nua fáis a nochtadh.

Tá seasamh réamhghníomhach glactha ag Fiontraíocht Éireann trí 'Fhoireann um Fhreagairt ar Thrádáil agus ar Tharaifí' tiomnaithe a bhunadh, foireann atá rannpháirteach go gníomhach le heaspórtálaithe Éireannacha. Cinntíonn an fhoireann sin go gcoinneofar gnólachtaí Éireannacha ar an eolas maidir le forbairtí trádála athraitheacha agus go dtacófar leo chun straitéisí maolaithe saincheaptha a fhorbairt. Mar chomhlánú air sin, tá feachtas cumarsáide ar bun ar fud na tíre chun na buntáistí a bhaineann le héagsúlú an mhargaidh a chur chun cinn agus chun easpórtálaithe Éireannacha a spreagadh chun leathnú go domhanda.

Tá GFT Éireann ag ailíniú a straitéise chun oibríochtaí i dtaca le hinfheistíocht dhíreach choigríche (IDC) atá ann cheana féin a choinneáil agus a athnuachan araon agus ag an am céanna a dhíriú isteach ar dheiseanna nua infheistíochta in earnálacha ardfháis amhail IS, leathsheoltóirí, inbhuanaitheacht agus sláinte. Tá an cur chuige déach seo ríthábhachtach chun iomaíochas na hÉireann a choimeád agus chun a chinntiú go mbeidh iarrachtaí maidir le forbairt trádála ag teacht le bonn láidir agus athraitheach IDC.

Déanfaidh Fiontraíocht Éireann taighde ar an gcás chun scéim árachais creidmheasa onnmhairiúcháin a fhorbairt d'easpórtálaithe isteach i margaí straitéiseacha ardfháis agus cuirfidh sí togra chun cinn lena bhreithniú ag an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta. Cuirfidh an Ciste um Éagsúlú an Mhargaidh agus Athléimneachta atá beartaithe cabhair ar fáil do ghnólachtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta araon atá ag dul i ngleic le dúshláin trádála reatha. Beidh méid an chiste ag brath ar leibhéal athraithe ar an gcaidreamh trádála idir an AE agus SAM.

Leanann Turasóireacht Éireann de ról lárnach a imirt, ag cur straitéis athnuaite i bhfeidhm chun ioncam cuairteoirí a spreagadh ó réigiúin ar leith, lena n-áirítear an Bhreatain Mhór, Mórthír na hEorpa agus Meiriceá Thuaidh, agus ag an am céanna ag glacadh cur chuige solúbtha i leith margaí atá ag teacht chun cinn. Feabhas a chur ar nascacht dhíreach aeir, go háirithe ón Áise, Meiriceá Theas agus tairseacha tábhachtacha SAM, agus nascacht dhíreach aeir chuig na réigiúin a mhéadú, aithnítear gur cumasóirí ríthábhachtacha iad don turasóireacht agus don trádáil araon agus tá rannpháirtíocht le ranna, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha fós ag dul ar aghaidh.

Ag an am céanna, leanann Idir-Thrádáil Éireann de thacaíocht a thabhairt do thrádáil thrasteorann trí thionscnaimh amhail TradeHub, rud a chabhraíonn le gnólachtaí an geilleagar uile-oileáin a ghiaráil agus dul i ngleic le comhthéacs athraitheach trádála na RA. Féadann an geilleagar Uile-Oileáin a bheith ina thúsphointe do ghnólachtaí atá ag iarraidh méadú agus idirnáisiúnú.

Tá fócas láidir ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar rochtain ar an margadh. Tá méadú suntasach ar onnmhairí agraibhia le deich mbliana anuas, ag méadú faoi 66% ó €11.6 billiún sa bhliain 2014 go €19.26 billiún sa bhliain 2024. Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Bord Bia ag cur éagsúlú an mhargaidh chun cinn freisin tríd an straitéis Fís Bia 2030, rud a léiríonn an tábhacht mhéadaithe a bhaineann le margaí nua d'onnmhairí agraibhia na hÉireann.
Tosaíocht don Phlean Gníomhaíochta seo is ea feabhas a chur ar thacaíochtaí gníomhaireachtaí d'easpórtálaithe na hÉireann agus obair a dhéanamh chun margaí nua a chruthú agus leas a bhaint astu ionas gur féidir leo éagsúlú a dhéanamh. Is ionann na hiarrachtaí sin agus freagairt chomhordaithe, thrasghníomhaireachta, ilrannach chun a chinntiú go bhfuil easpórtálaithe Éireannacha in ann oiriúnú, dul san iomaíocht agus déanamh go maith i ngeilleagar domhanda atá ag athrú go tapa.

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Ciste um Éagsúlú an Mhargaidh agus Athléimneacht a Bhunú.** | Ar siúl faoi láthair | RFTF |
| **Athbhreithniú ar fheabhsuithe féideartha i dtairiscint dreasachta na hÉireann, i ndeontais agus i gcáin, chun tacú le gnólachtaí (e.g. maidir le digitiú, Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht (TF&N), inbhuanaitheacht, costais fuinnimh) agus deiseanna nua fáis a bhaint amach atá ailínithe le cuspóirí beartais náisiúnta.** | R1 2026 | RFTF, GFT, FÉ Uile-Rialtais |
| **Straitéisí iomaíochais náisiúnta agus AE a chur i bhfeidhm, lena gcuirtear príomhchoinníollacha i bhfeidhm lena gcumasaítear fiontar, iomaíochas costais san áireamh; córas pleanála éifeachtach; seachadadh bonneagair; forbairt tallainne agus nuálaíocht; dreasachtaí; agus timpeallacht rialála cothrom.** | Ar siúl faoi láthair | Uile-Rialtais |
| **Plean teagmhais a fhorbairt do chiste chun tacú le caipiteal oibre cuideachta, dá mba rud é go n-éireoidh dálaí eacnamaíocha níos measa (e.g. sa chás go mbeadh cás trádála gan mhargadh idir AE agus SAM nó éagsúlacht i gcaighdeán nó i dtaraifí idir an AE agus an RA). Bheadh an cur chuige cosúil leis an 'gCiste um Fhiontar Inbhuanaithe', ag tacú le pleananna maidir le fás cuideachta, ag baint leas as éagsúlú agus as táirgiúlacht faoi réir rialacháin um Chabhair Stáit an AE.** | R3 2025 | FÉ / RFTF |
| **Tríd an bpróiseas meastachán, infheistíocht bhreise a lorg sa 'Chlár um Chomhpháirtíochtaí Domhanda Sofhreagrúla' de chuid Thurasóireacht Éireann, chun tacú le tionscal gníomhaíocht a dhéanamh i margaí nua chun gnó incriminteach a spreagadh agus chun bonn a bhunú i margaí nua turasóireachta d'Éirinn.** | 2026 | Turasóireacht Éireann |

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Ciste straitéiseach rochtana aeir a fhorbairt, le húsáid i gcás a bhfuil acmhainneacht ann uasmhéadú a dhéanamh ar an deis a chuireann conairí nua aeir ar fáil, lena n-áirítear ceann scríbe straitéiseach cianaistir, trí éileamh a spreagadh, i gcomhpháirtíocht le haeriompróirí ar bhonn comhoibríoch chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch fhoriomlán.** | 2026 | Turasóireacht Éireann / RFTF / RI |
| **Tríd an bpróiseas meastachán, infheistíocht bhreise a lorg i Mórthír na hEorpa chun feachtais chumarsáide a reáchtáil ar feadh na bliana, chun tuiscintí ar Éirinn a ardú, i gcomhréir le Measúnú Mhórthír na hEorpa de chuid Thurasóireacht Éireann, agus gnó a ghiniúint ar feadh na bliana.** | 2026 | Turasóireacht Éireann |
| **Feachtas cumarsáide rathúil TradeHub de chuid Idir-Thrádáil Éireann a chasadh chun béim a chur ar 'Ag lorg na bhfreagraí a theastaíonn uait le trádáil'. Spreagfaidh rannóg thiomnaithe nua chun an margadh a éagsúlú gnólachtaí chun margadh Thuaisceart Éireann a úsáid mar bhealach lenar dtáirg nó lena seirbhís a bhailíochtú agus le díolacháin a mhéadú.** | L2 2025 | Idir-Thrádáil Éireann |
| **Leanfar de shainchomhairle theicniúil maidir le cúrsaí trádála a théann i bhfeidhm ar an oileán de bheith ar fáil do ghnóthaí tríd an tseirbhís seo gan aon chostas breise.** | Ar siúl faoi láthair | Idir-Thrádáil Éireann |
| **Dul chun cinn an tionscnaimh 'Suíomhanna don Chéad Ghlúin Eile' chun suas le trí shuíomh mhórscála réamhcheadaithe a fhorbairt a bhfuil bonneagar maoine, fóntais agus inbhuanaithe acu do thionscadail déantúsaíochta ardleibhéil chlaochlaithe atá i gcomhréir le spreagthaí don fhás IDC ar fud na n-earnálacha lárnacha.** | Ar siúl faoi láthair | GFT / RFTF / Uile-Rialtais / Údaráis Áitiúla / Gníomhaireachtaí Bonneagair |
| **Iomaíochas náisiúnta agus an AE a athdhíriú agus tús áite a thabhairt dó, ag cinntiú go mbeidh dálaí ann lena gcumasaítear fiontair lena n-áirítear iomaíochas costais; córas pleanála éifeachtach; seachadadh bonneagair; forbairt tallainne agus nuálaíocht; dreasachtaí; agus timpeallacht rialála cothrom.** | Ar siúl faoi láthair | Uile-Rialtais |

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
| --- | --- | --- |
| Tríd an bpróiseas meastachán, buiséad feabhsaithe cumarsáide agus margaíochta GFT a lorg ionas gur féidir teagmháil níos fairsinge, rannpháirtíocht níos doimhne agus forbairt feasachta á déanamh i margaí IDC atá ann cheana féin agus atá ag forbairt. | R1 2026 | RFTF / GFT |
| Oibreoidh ÚCNÉ i gcomhar le FÉ chun tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí cliaint FÉ maidir le caighdeáin idirnáisiúnta a úsáid agus maidir leis na caighdeáin sin a dheimhniú le cinntiú go mbeidh rochtain níos fearr ag cuideachtaí Éireannacha ar mhargaí idirnáisiúnta. | Ar siúl faoi láthair | ÚCNÉ / FÉ |
| Tríd an bpróiseas meastachán, infheistíocht bhreise a lorg do chlár nua 'Fás san Eoraip' chun tacú le forbairt agus sciar níos mó den mhargadh a fháil. | R1 2026 | FÉ |
| Cur chuige ar dheiseanna earnálacha tábhachtacha a fhiosrú agus a fhorbairt ar fud margaí tosaíochta reatha. | R4 2025 | FÉ |
| Mapáil eacnamaíoch / earnála a thosú ar fud margaí tábhachtacha atá ag teacht chun cinn, chomh maith le liosta tosaíochta a chomhaontóidh Fóram Trádála an Rialtais. | R3 2025 | RGET / RFTF |
| Straitéisí earnálacha barrthábhachtacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a dhíreoidh ar chuideachtaí Éireannacha a leabú i slabhraí luacha faoi chláir chaiteachais mhórscála / infheistíocht / fócas beartais tionsclaíochta, lena n-áirítear na cinn i réimsí foinsí in-athnuaite fuinnimh agus slándála. | Ar siúl faoi láthair | RFTF / FÉ / GFT |
| Úsáid a bhaint as straitéis nua na hÉireann dar teideal 'Oileán Sileacain - Straitéis Náisiúnta Leathsheoltóra', mar uirlis le haghaidh éagsúlú margaidh, go háirithe chun infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh ó thíortha idirnáisiúnta nua, ar fud na hÁise san áireamh. | R2 2025 | RFTF / GFT / FÉ / Uile-Rialtais |

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Straitéis Náisiúnta um Eolaíocht na Beatha.** | Ar siúl faoi láthair | RFTF / FÉ / GFT |
| **Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí náisiúnta digiteacha agus IS i gcomhthéacs na ndeiseanna fáis straitéiseacha agus trasearnála agus iad a fhoilsiú.** | Ar siúl faoi láthair | RFTF / RCAC / GFT / FÉ |
| **Leanúint de chlár fairsing um éagsúlú an mhargaidh a leathadh amach ar fud ár margaí tosaíochta, mar atá comhaontaithe leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM).** | Ar siúl faoi láthair | Bord Bia |
| **Clár cuairte staidéir margaidh atá feabhsaithe le déanaí do chuideachtaí chun iad féin a thumadh sa mhargadh agus plean a fhorbairt maidir le cén áit le himirt, conas bua a fháil.** | Ar siúl faoi láthair | Bord Bia |
| **Tríd an bpróiseas meastachán, tacaíocht buiséid fheabhsaithe a lorg le haghaidh taispeántais ag aontaí trádála, lena n-áireofar costais oibríochta allamuigh sa mhargadh.** | 2026 | Bord Bia |
| **Tacaíocht comhairleoireachta fheabhsaithe a chur ar fáil maidir le lóistíocht agus leis an slabhra soláthair chun conairí soláthair reatha a neartú agus conairí soláthair nua a shainaithint chun iomaíochas gnó a fheabhsú.** | Ar siúl faoi láthair | Bord Bia |
| **Infheistíocht a dhéanamh i ndeiseanna curtha ar fáil ag tairseacha nua i Meiriceá Thuaidh, rud a leathnóidh raon feidhme feachtas margaíochta de chuid Thurasóireacht Éireann. Beidh gá le hinfheistíocht mhéadaithe chun éileamh a spreagadh le linn dálaí athraitheacha chun acmhainn a choimeád a mbainfidh gach earnáil den gheilleagar leas as.** | Ar siúl faoi láthair | Turasóireacht Éireann |

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Athbhunú Clár Rochtana Margaidh Tionscail (IMAP) Thurasóireacht Éireann chun gníomhaíocht incriminteach ag comhpháirtithe tionscail a chomhchistiú, rud a mhéadódh láithreacht tionscail oileán na hÉireann go suntasach ar fud margaí éagsúlaithe lena n-áirítear Mórthír na hEorpa, de réir mar a chuirtear Plean Gníomhaíochta Measúnaithe Mhórthír na hEorpa i bhfeidhm.** | Ar siúl faoi láthair | Turasóireacht Éireann |
| **Déanfaidh Fiontraíocht Éireann taighde ar an gcás chun scéim árachais creidmheasa onnmhairiúcháin a fhorbairt d'easpórtálaithe isteach i margaí straitéiseacha ardfháis agus cuirfidh sí chun cinn lena bhreithniú ag an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta.** | R4 2025 | FÉ |
| **Cur chuige nua a chomhaontú i leith Foinsiú Straitéiseach Tionscail chun tacú le cliaint agus earnálacha FÉ/GFT rochtain a fháil ar thuilleadh deiseanna leis an gceanncheathrú ilnáisiúnta in Éirinn.** | Ar siúl faoi láthair | FÉ / GFT |

## An Geilleagar Uile-Oileáin a Ghiaráil mar Thúsphointe chun Easpórtáil a Mhéadú

Leanfaidh Idir-Thrádáil Éireann, an comhlacht freagrach as trádáil Thuaidh-Theas a éagsúlú agus a fhás, de réimse clár agus tionscnamh nua agus athraithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar fhreagairt ar dhálaí athraitheacha seachtracha an mhargaidh, dúshláin fós ag dul ar aghaidh agus deiseanna atá ag teacht chun cinn i réimsí trádála, nuálaíochta agus fiontraíochta. Tabharfaidh siad gealltanas a bpunann tacaíochta trádála a neartú i dtrí réimse tosaíochta thábhachtacha i soláthar Faisnéise agus Comhairle Trádála de bharr athraithe sa timpeallacht dhomhanda a théann i bhfeidhm ar na nithe seo a leanas:

(a) Trádáil ar Oileán na hÉireann
(b) Fás díolacháin trasteorann
(c) Deiseanna nua trasteorann a fhorbairt

Is comhlacht Thuaidh-Theas é Turasóireacht Éireann a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, a bhfuil sé de fhreagracht aige oileán na hÉireann a chur chun cinn thar lear mar cheann scríbe an-spéisiúil i leith imeachtaí saoire agus gnó. An fócas atá ag Turasóireacht Éireann ná luach turasóireachta thar lear chuig oileán na hÉireann a mhéadú, ag tacú le geilleagair agus le pobail agus ag an am céanna meas a léiriú don timpeallacht. Déanann sé amhlaidh trí chuairteoirí a spreagadh le feachtais mhargaíochta dhomhanda agus gníomhaíocht phoiblíochta thar lear, rud a chruthaíonn na billiúin deis chun an méid atá á thairiscint ag oileán na hÉireann a fheiceáil agus a threisíonn comhpháirtíochtaí.



| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Misean Trádála sa Bhaile 2025 a sholáthar, rud lena bhforbrófar díolacháin ar son suas le 20 gnó Éireannacha i margadh Thuaisceart na hÉireann in earnálacha Agra-Theicneolaíochta / Déantúsaíochta agus gníomhaíocht an mhisin trádála a mhéadú in 2026.** | L2 2025 | Idir-Thrádáil Éireann |
| **Comhdháil Trádála a óstáil in 2025 i mBaile Átha Cliath, atá dírithe ar dheiseanna margaidh trasteorann (díolacháin, tairiscintí agus slabhra soláthair) a chur chun cinn, rud lena nasctar gnólachtaí leis an tacaíocht chuí.** | Deireadh Fómhair 2025 | Idir-Thrádáil Éireann |
| **Seirbhís a chur ar fáil do ghnólachtaí a bhfuil a slabhraí soláthair i mbaol suaite. Cabhróidh an chomhairle agus an tacaíocht le slabhraí soláthair cois cósta ar an oileán, chun soláthraithe trasteorann a d'fhéadfadh a bheith ann a aimsiú chun cabhrú le seasmhacht an tslabhra soláthair a choimeád.** | Meitheamh 2025 | Idir-Thrádáil Éireann |
| **Cuirfear síneadh leis an 'tSraith Seimineáir Gréasáin ar Líne Trádála' chun béim a chur ar thuiscint ghnó a fhorbairt i réimsí amhail 'Rialacha Tionscnaimh a Thuiscint' agus 'Tuaisceart na hÉireann mar do chéad chéim isteach sa Bhreatain Mhór agus in éagsúlú margaidh idirnáisiúnta'.** | Ar siúl faoi láthair | Idir-Thrádáil Éireann |
| **Cuireann Turasóireacht Éireann oileán na hÉireann chun cinn thar lear, rud lena gcruthaítear tairiscintí an-spéisiúil a spreagann cuairteoirí tuilleadh a fhiosrú ar oileán na hÉireann, lena n-áirítear cinn scríbe arna dtacú ag infheistíochtaí de chuid Oileán Comhroinnte.** | Ar siúl faoi láthair | Turasóireacht Éireann |



**Lá um Rochtain ar an Margadh, Baile Átha Cliath 2025, Príomh-Oifigeach Forfheidhmithe Trádála an Aontais Eorpaigh, Denis Redonnet.** Sonraí an Ghrianghrafadóra: An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta.

## Rochtain ar an Margadh a Chur Chun Tosaigh ar son Easpórtálaithe na hÉireann

Ar 9 Aibreán 2025, bhí Lá um Rochtain ar an Margadh á óstáil ag an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, i mBaile Átha Cliath. Is éard is Lá um Rochtain ar an Margadh ann ná imeachtaí eagraithe ag údaráis náisiúnta na mBallstát agus ag an gCoimisiún Eorpach a bhfuil comhlachais tráchtála, comhlachais fostóirí, gníomhaireachtaí um infheistíocht agus forbairt trádála, easpórtálaithe agus eagraíochtaí gnó náisiúnta agus earnálacha eile páirteach iontu. Tá sé d'aidhm ag Laethanta um Rochtain ar an Margadh rannpháirtíocht a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus le gnólachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide agus ardán a chur ar fáil chun teagmháil a dhéanamh leis an lucht ceaptha beartais agus le gníomhaireachtaí.

Le Laethanta um Rochtain ar an Margadh, tugtar deis beartas trádála an AE agus obair an AE maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú a chur chun cinn, chomh maith leis na cuir i láthair ar uirlisí agus acmhainní praiticiúla a chabhraíonn le gnólachtaí dul i ngleic le trádáil idirnáisiúnta agus le baic amhail an tairseach Access2Markets agus an Iontráil Aonair. Leis an imeacht sin, cuireadh os comhair an phobail na huirlisí agus na tacaíochtaí atá ar fáil do ghnólachtaí chun dul i ngleic leis na baic a d'fhéadfadh a bheith ann d'easpórtálaithe atá ag feidhmiú i margaí de chuid an tríú domhan de réir mar a mhéadaíonn an tábhacht le héagsúlú an mhargaidh.

Cuirfidh an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta agus na Gníomhaireachtaí Fiontair clár de thuilleadh imeachtaí i bhfeidhm atá dírithe ar rochtain ar mhargaí nua agus éagsúla thar lear a chur chun cinn. Go háirithe, áireofar leis an gcomhdháil bhliantúil um Trade Horizons, a cuireadh ar fáil i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, fócas ar leith ar mhargaí réigiúnacha straitéiseacha, agus beidh fócas ar an Afraic sa bhliain 2025 agus ar Mheiriceá Laidineach-Muir Chairib sa bhliain 2026.

Cuirfidh Seachtain na Margaí Idirnáisiúnta (IMW) de chuid Fhiontraíocht Éireann, a bheidh ar siúl ó 30 Meán Fómhair 2025, deis ar fáil do chuideachtaí bualadh le comhairleoirí an mhargaidh idirnáisiúnta as Fiontraíocht Éireann chun a straitéisí maidir le fairsingiú domhanda agus idirnáisiúnú a phlé agus a mhionchoigeartú. Tá Fiontraíocht Éireann ag cur béim ar leith ar éagsúlú agus ar athruithe i mbeartais trádála dhomhanda a bhainistiú mar chuid den imeacht sin.

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| Tá ÚCNÉ chun soláthar uirlisí féinmheasúnú do FMBanna a fhiosrú chun a n-ullmhacht maidir le deimhniúchán um chaighdeáin idirnáisiúnta a fháil. | Ar siúl faoi láthair | ÚCNÉ / RFTF |
| Tríd an bpróiseas meastachán, cistiú a lorg maidir le soláthar leanúnach d'fheachtais chumarsáide idirnáisiúnta chun feasacht a ardú agus chun easpórtálaithe Éireannacha a spreagadh chun a ngnólachtaí a fhás go domhanda agus chun cur chuige i leith éagsúlú margaidh a ghlacadh chucu féin. | Ar siúl faoi láthair | FÉ / GFT / Bord Bia |
| Comhdháil Trade Horizons a sholáthar a bhfuil fócas réigiúnach aici ar Mheiriceá Laidineach agus ar Mhuir Chairib. | 2026 | RFTF / RGET |
| Cabhrú le cuideachtaí maidir lena n-iarrachtaí éagsúlaithe tríd an ardán cumarsáide cliaint My Bord Bia a úsáid trí fhaisnéis an mhargaidh atá cothrom le dáta, seimineáir ghréasáin ar líne agus imeachtaí ábhartha a chur ar fáil. | Ar siúl faoi láthair | Bord Bia |
| Tabhairt faoi athbhreithniú ar Straitéis an Rialtais um Thrádáil agus Infheistíocht atá ann faoi láthair. | R4 2025 | RGET / RFTF |
| Straitéis nua um Thrádáil agus Infheistíocht a fhoilsiú i gcomhréir le straitéisí réigiúnacha agus náisiúnta de chuid Éire Dhomhanda 2040. | 2026 | RGET / RFTF |
| Tríd an bpróiseas meastachán, iarracht a dhéanamh ciste margaíochta a bhunú chun níos mó rannpháirtíochta tionscail a spreagadh i Mórthír na hEorpa agus i margaí eile a shainaithnítear mar mhargaí a bhfuil deis iontu maidir le héagsúlú an mhargaidh. | 2026 | Turasóireacht Éireann |
| Plean Gníomhaíochta Measúnaithe Mhórthír na hEorpa de chuid Thurasóireacht Éireann a chur i bhfeidhm. | Ar siúl faoi láthair | Turasóireacht Éireann |
| Tacú leis an mian i leith éagsúlaithe agus é a threisiú trí Sheachtain na Margaí Idirnáisiúnta 2025 i mí Dheireadh Fómhair, ar príomhimeacht Fhiontraíocht Éireann é, agus béim a chur ar rannpháirtíocht phraiticiúil éifeachtach idir cliaint, comhairleoirí margaidh thar lear de chuid FÉ ó gach cearn den domhan agus comhairleoirí cliaint agus rochtain ar shaineolas réiteach cliaint a éascú. | R4 2025 | FÉ |
| Clár nua easpórtálaithe a fhorbairt chun tacú le teacht isteach 170 easpórtálaí nua sa mhargadh go domhanda, tar éis an clár píolótach a chur i gcrích sa bhliain 2025. | 2026 | FÉ |

## Obair a Dhéanamh chun Margaí Nua agus Deiseanna Nua sa Mhargadh a Chruthú agus a Fhorbairt ar son Cuideachtaí atá Bunaithe in Éirinn, Laistigh den AE san Áireamh

Straitéis Chothrománach nua maidir leis an Margadh Aonair (An Margadh Aonair): I saol neamhchinnte an lae inniu, cuireann ár mBallraíocht Eorpach an Margadh Aonair i láthair mar phríomhchúis rathúnas agus iomaíochas na hEorpa agus mar thearmann a chosnaíonn gnólachtaí an AE ar éiginnteachtaí domhanda agus ar shuaití sa mhargadh.

Deir an Coimisiún go bhféadfadh buntáistí breise de thimpeall €1.3 trilliún in aghaidh na bliana a ghiniúint dá ndéanfaí an Margadh Aonair a dhoimhniú tuilleadh agus dá gcuirfí earraí, seirbhísí, daoine agus caipitil i gcúrsaíocht réidh. Tá sé ríthábhachtach a lánacmhainneacht a bhaint as chun táirgiúlacht a mhéadú agus iomaíochas na hEorpa a mhéadú, cumas na stát a chosaint a bhfreagrachtaí leasa shóisialaigh a mhaoiniú, aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus ceannas agus sábháilteacht straitéiseach a dhaingniú. Seachas sraith bhreise rialacha a chur isteach, is é d'aidhm ag straitéis an Mhargaidh Aonair na spriocanna sin a bhaint amach trí 'shraith bhreise uaillmhéine agus gealltanais ó gach duine a chur isteach ionas go n-oibreoidh siad'.

Molann an straitéis go dtabharfar aghaidh, mar thús áite, ar na deich mbac is díobhálaí ar Mhargadh na hEorpa a sainaithníodh sa Mhargadh Aonair - mar a chuir an Coimisiún Eorpach i láthair é don Tascfhórsa um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair (SMET) níos luaithe sa bhliain. Glacfaidh Éire ról réamhghníomhach chun tacú le huaillmhianta i leith chlár an Mhargaidh Aonair; agus beidh ról ceannasaíochta ag Roinn an Taoisigh, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus ag Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta ina ngnéithe féin de rialachas, comhoibriú uile-oileáin agus cur i bhfeidhm.

Tá Éire tiomanta do thacú le trádáil shaor, chóir agus oscailte. Mar gheall ar ár mballraíocht san AE, is cuid de líonra Chomhaontuithe Saorthrádála (CST) an AE muid, ag tacú le tuilleadh deiseanna chun caidreamh trádála a mhéadú. D'fhéadfadh deiseanna eile, amhail na cinn atá curtha ar fáil mar thoradh ar rannpháirtíocht mhéadaithe i dTionscnamh Tairsí Domhanda de chuid an AE, margaí nua a chur ar fáil do chuideachtaí Éireannacha atá gníomhach i nuálaíocht dhigiteach, fuinneamh glas, iompar, cúram sláinte agus oideachas san Afraic, san Áise agus i Meiriceá Laidineach agus sa Mhuir Chairib.

I gcomhthéacs éagsúlú an mhargaidh, tá sé tábhachtach go leanfaidh Éire de ghlacadh le cur chuige i leith beartais trádála atá seachtrach, oscailte agus buanaithe ar rialacha. Cur chuige ar leith ab ae é sin i gcroílár shamhail eacnamaíoch an AE agus ba cheart go bhfanfaidh amach anseo, agus rachaidh an obair a dhéanfar chun deiseanna a mhéadú agus chun rochtain ar an margadh a dhaingniú le comhpháirtithe nua le chéile lenár gclár gnó i leith iomaíochais.

Tá sé tábhachtach, mar sin de, cuideachtaí a spreagadh agus cabhair a thabhairt dóibh leas a bhaint as na deiseanna a eascraíonn as na CSTanna nua. Mar aon le measúnú a dhéanamh ar dheiseanna i leith CSTanna, tá sé úsáideach measúnú a dhéanamh ar fhás eacnamaíoch agus trádála domhanda agus bearnaí a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ann idir acmhainní ionmhargaidh na hÉireann agus margaí fáis na hÉireann. Tá Comhaontuithe um Chánachas Dúbailte ina mbunchloch maidir le beartas trádála na hÉireann lenár gcomhpháirtithe trádála agus is gné thábhachtach iad chun sruthanna trádála agus infheistíochta a spreagadh idir tíortha. Chun leanúint ar aghaidh le méadú agus feabhsú an líonra um chonradh cánach, bunaíodh próiseas tosaíochta chun comhpháirtithe nua a d'fhéadfadh a bheith ann a aimsiú chomh maith le dul i mbun plé arís le comhpháirtithe atá ann cheana féin, agus sna blianta amach romhainn, i gcomhréir le Ráiteas um Beartas Conartha na hÉireann a foilsíodh, déanfar líonra na hÉireann de Chomhaontuithe um Chánachas Dúbailte a nuashonrú agus a fheabhsú i gcás inarb indéanta.

Is margadh ríthábhachtach d'easpórtálaithe Éireannacha é an AE agus tá sé á fhás fós. Is é fócas beagnach fadtéarmach d'Fhiontraíocht Éireann ná láithreacht chuideachtaí na hÉireann i margaí Eorpacha a fhorbairt tuilleadh chun tacú le fás agus athléimneacht na hÉireann.

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| Athbhreithniú a dhéanamh ar idirbheartaíochtaí CST atá ann cheana féin agus a d'fhéadfadh a bheith ann san AE go réamhghníomhach chun na deiseanna margaidh a bhfuil an acmhainn is mó iontu a bhunú agus obair a dhéanamh chun beartas trádála agus tosaíochtaí an AE a mhúnlú chun iad a léiriú. | R3-R4 2025 | RGET |
| Staidéir eacnamaíocha a choimisiúnú le haghaidh margaí ina bhfuil comhaontuithe trádála an AE arna gcomhaontú nó arna n-athchóiriú le déanaí, d'fhonn deiseanna eacnamaíocha d'Éirinn a eascraíonn ó na comhaontuithe sin a shainaithint agus a uasmhéadú. | R4 2025, Ar siúl faoi láthair | RGET / RFTF |
| CSTanna atá ann cheana féin a dhaingniú i gcomhréir le gealltanais i gClár an Rialtais. | Ar siúl faoi láthair | RGET |
| Oibreoidh Ranna ar fud an Rialtais ar Straitéis Chothrománach nua maidir leis an Margadh Aonair a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na deich mbac sa Mhargadh Eorpach is díobhálaí a sainaithníodh sa Mhargadh Aonair, mar a chuir an Coimisiún Eorpach i láthair é don Tascfhórsa um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair (SMET). | Ar siúl faoi láthair | Uile-Rialtais |
| A chinntiú go gcuireann Éire tús áite do bheartais lena bhforbraítear Margadh Aonair an AE tuilleadh, go háirithe tríd an straitéis nua i leith an Mhargaidh Aonair, rud a chruthóidh deiseanna nua maidir le hearraí agus le seirbhísí araon le haghaidh cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn. | Ar siúl faoi láthair | RFTF / RGET |
| Deiseanna a eascróidh as Uachtaránacht na hÉireann sa bhliain 2026 a uasmhéadú chun obair a chur chun tosaigh agus a thabhairt chun cinn go gníomhach maidir le críochnú an mhargaidh aonair a bheidh chun tairbhe cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn. | 2026 | RFTF / RGET |
| Leanúint ar aghaidh le méadú agus feabhsú an líonra conartha cánach trí phróiseas tosaíochta a úsáid chun comhpháirtithe nua a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint chomh maith le dul i mbun plé arís le comhpháirtithe atá ann cheana féin. Sna blianta amach romhainn, i gcomhréir leis an Ráiteas um Beartas Conartha na hÉireann a foilsíodh, déanfar líonra na hÉireann de Chomhaontuithe um Chánachas Dúbailte a nuashonrú agus a fheabhsú i gcás inarb indéanta. | Ar siúl faoi láthair | RA / Na Coimisinéirí Ioncaim / RGET |

# Cuspóir 2:
# Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta na hÉireann a Dhoimhniú agus a Fhairsingiú

# Cuspóir 2: Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta na hÉireann a Dhoimhniú agus a Fhairsingiú

Tá rannpháirtíocht idirnáisiúnta straitéiseach agus seasmhach riachtanach chun ár gcaidreamh agus ár gceangal le comhpháirtithe idirnáisiúnta ríthábhachtacha a fhorbairt, a choimeád agus a mhéadú. Leis an bPlean Gníomhaíochta seo, samhlaítear réimse gníomhaíochtaí comhbheartaithe ag an rialtas iomlán agus ag páirtithe leasmhara tábhachtacha eile, lena n-áirítear na Gníomhaireachtaí Stáit a thacaíonn le gnólachtaí chun rannpháirtíocht idirnáisiúnta na hÉireann a dhoimhniú agus a fhairsingiú.

Cuireann an obair sin le boinn láidre atá ann cheana féin. De réir na straitéise Éire Dhomhanda 2025, tá an athnuachan agus an méadú is uaillmhianaí riamh déanta ag an rialtas i dtaobh láithreacht idirnáisiúnta na hÉireann, maidir le taidhleoireacht, cultúr, gnó, cúnamh le forbairt thar lear, turasóireacht agus trádáil. Ó shin, rinne an rialtas, nó tá sé beartaithe ag an rialtas, oifigí gníomhaireachta Stáit agus oifigí taidhleoireachta a oscailt i gcaoga suíomh. Tá ár láithreacht i suíomhanna tábhachtacha méadaithe go suntasach leis an leathnú.

Tá Éire ag feidhmiú i dtimpeallacht trádála idirnáisiúnta atá dinimiciúil agus rí-iomaíoch. Tá sé tábhachtach, mar sin de, go measann gníomhaireachtaí Stáit a dtosaíochtaí i ndáil le hacmhainní ar bhonn leanúnach agus acmhainní breise curtha in ord tosaíochta ionas go n-uasmhéadófar deiseanna i margaí tosaíochta atá ann cheana féin, agus ag an am céanna eolas níos doimhne faoin margadh agus tacaíochtaí i margaí nua agus atá ag teacht chun cinn a fhorbairt freisin.

Beidh caidreamh láidir déthaobhach ag leanúint de bheith mar bhonn faoi chomhpháirtíochtaí trádála agus infheistíochta na hÉireann. Tá ról tábhachtach ag fóraim eacnamaíocha dhéthaobhacha amhail Coimisiúin Chomhpháirteacha Eacnamaíochta agus comhaontuithe idirnáisiúnta, Comhaontuithe um Chánachas Dúbailte ina measc, chun comhpháirtíocht dhearfach dhéthaobhach thrádála agus infheistíochta a mhúnlú.

Tá deis ann d'Éirinn glacadh le cur chuige nuálach maidir le rannpháirtíocht a dhéanamh i margaí tábhachtacha, ag baint leas as teicneolaíochtaí agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta nua. Beidh an Rialtas tiomanta i dtaca leis seo; tabharfar tús áite do thacaíochtaí agus infheistíochtaí follasacha a fhéadann difear suntasach a dhéanamh maidir le caidreamh trádála agus infheistíochta a mhéadú i margaí tábhachtacha.

Leanann an diaspóra de ról tábhachtach a imirt i rannpháirtíocht idirnáisiúnta na hÉireann, mar chomhpháirtithe tábhachtacha maidir le cuspóirí trádála, turasóireachta agus infheistíochta an rialtais a chomhlíonadh i margaí tosaíochta. I measc na dtosaíochtaí sa Straitéis Diaspóra atá le teacht tá an chomhpháirtíocht sin a threisiú, cur chuige níos straitéisí maidir le líonraí gnó Éireannacha a fhorbairt agus an chéad ghlúin eile de cheannairí gnó Éireannacha thar lear a chothú, agus tabharfaidh an Plean Gníomhaíochta seo eolas don Straitéis sin.

B'fhéidir go mbeadh gá le modheolaíochtaí maidir le tosaíocht sa mhargadh a bheith níos solúbtha chun aird a thabhairt ar dheiseanna atá ag teacht chun cinn de bharr forbairtí nua eacnamaíocha agus geopholaitiúla a mbíonn éiginnteachtaí trádála mar thoradh orthu agus ar na deiseanna atá ag teacht chun cinn i ngarmhargaí agus i margaí seanbhunaithe.




**Cruinniú Mullaigh RA-Éireann i Learpholl, Márta 2025.** Sonraí an Ghrianghrafadóra: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

## Láithreacht Eacnamaíoch an Stáit in Áiteanna Straitéiseacha Barrthábhachtacha a Mhéadú

I gcomhréir le timpeallacht idirnáisiúnta atá níos iomaíche ó thaobh trádála, turasóireachta agus infheistíochta de, tá sé fíorthábhachtach go bhfuil gníomhaireachtaí an Stáit sách ullmhaithe i suíomhanna straitéiseacha barrthábhachtacha más mian leo deiseanna atá ann a shainaithint agus leas a bhaint astu. Tá na Ranna tosaigh tar éis iarraidh, trí Fhoireann Margaidh na Ceanncheathrún, go ndéanfadh gníomhaireachtaí Stáit athbhreithniú ar a lorg reatha thar lear chun a chinntiú go bhfuil ionadaíocht leordhóthanach acu i suíomhanna straitéiseacha barrthábhachtacha. Is amhlaidh atá i margaí seanbhunaithe, áit a ndéanann gnólachtaí Éireannacha infheistíocht shuntasach fhadtéarmach, agus i margaí nua atá ag teacht chun cinn freisin.

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Tá RFTF agus RGET, mar na Ranna tosaigh, tar éis iarraidh, trí Fhoireann Margaidh na Ceanncheathrún, go ndéanfadh gníomhaireachtaí Stáit athbhreithniú ar a lorg reatha thar lear chun a chinntiú go bhfuil ionadaíocht agus acmhainní leordhóthanach acu.** | R4 2025 | RFTF / RGET |

## Fiontraíocht Éireann

Tá 42 oifig thar lear ag Fiontraíocht Éireann faoi láthair, agus tá sainfhoireann i bhfeidhm chun gnólachtaí a mhéadú agus chun deiseanna nua a fhiosrú. I gcomhréir le Cláir an Rialtais, tá an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta tar éis treoir a thabhairt d'Fhiontraíocht Éireann athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéil foirne in oifigí thar lear chun deiseanna do chuideachtaí Éireannacha a uasmhéadú. Cuirfear an t-athbhreithniú seo i gcrích sa bhliain 2026.

I measc na dtosaíochtaí maidir le fás tá Margadh Aonair an AE, tíortha comhpháirtíochta Chomhaontú Saorthrádála (CST) an AE agus na RA. Gné threorach a bheidh ann freisin ná an gá atá le gnóthaí Éireannacha athshuíomh a dhéanamh i margadh na Stát Aontaithe.  Tabharfaidh aghaidh ar iarratais ar leith ar acmhainní agus ar chásanna gnó bainteacha i gcomhthéacs meastacháin 2026.

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Tá Fiontraíocht Éireann chun oifig nua a oscailt i Zürich na hEilvéise chun tacú agus cur le deiseanna tráchtála arna bhforbairt ag gnólachtaí Éireannacha, ag eascairt as 2 oifig nua a oscailt thar lear in 2025 i nGlaschú agus in Atlanta, Georgia.** | L2 2025 | FÉ |
| **Déanfaidh Fiontraíocht Éireann mionathbhreithniú ar lorg reatha chun tuiscint a fháil ar bhuiséad agus acmhainní breise FÉ atá ag teastáil chun dul i ngleic leis na dúshláin ríthábhachtacha maidir le freagairt a thabhairt ar an tionchar atá ag timpeallacht trádála athraitheach.** | 2026 | FÉ / RFTF |
| **Cur chuige straitéiseach a fhorbairt chun tacú le cliaint FÉ chun rannpháirtíocht le custaiméirí na Stát Aontaithe a neartú trí bhealaí nua, lena n-áirítear ceapa tuirlingthe sna Stáit Aontaithe ionas gur féidir láithreacht fhisiceach a bhunú sa mhargadh.** | L2 2025 | FÉ |

## GFT Éireann

De réir mar a thugann GFT Éireann faoina chuspóirí straitéiseacha do na blianta 2025-29, leanfaidh a líonra d'oifigí in Éirinn agus thar lear de ról ríthábhachtach a imirt. Tá lorg ag GFT Éireann i mbreis agus 20 suíomh thar lear. Chun IDC a mhealladh, a choimeád agus a athnuachan, ní mór do GFT Éireann fócas domhanda a bheith aici ar fud a trí phríomhlimistéar (Meiriceá Thuaidh, an Eoraip agus RA, an Áise-Aigéan Ciúin) chun rannpháirtíocht a dhéanamh le cliaint atá ann cheana féin agus chun caidrimh a fhorbairt le sprioc-chliaint.

Tacaíonn "Fionnachtaithe" (comhairleoirí ionmhargaidh) le GFT freisin chun díriú ar infheistíocht IDC ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus ón Afraic Theas. Leis an gcur chuige sin ligtear do GFT feasacht na hÉireann a ardú agus deiseanna nua a fhiosrú i margaí a bhfuil acmhainn IDC acu nach bhfuil clúdaithe ag líonra na n-oifigí GFT thar lear. Tá sé tábhachtach a lua nach tionscnamh gearrthéarmach é deiseanna IDC a bhaint amach i margaí nua nó atá ag teacht chun cinn ach go n-éilíonn sé fócas meántéarmach go fadtéarmach ar fhorbairt a dhéanamh ar fheasacht, caidrimh agus conairí infheistíochta.

Áirítear le straitéis nua de chuid GFT do na blianta 2025-29 fócas ar dheiseanna nua a shainaithint a bhaineann le fás IDC a spreagadh. Go dtí seo, tá roinnt coigeartuithe mar thoradh air seo san Áise-Aigéan Ciúin ina mbeidh láithreacht nua ag GFT i margadh na Cóiré Theas. Déanfaidh GFT athbhreithniú ar a chur chuige i leith an mhargaidh Cheanada faoi R1 2026, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar a shuíomhanna Fionnachtaí (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus an Afraic Theas faoi láthair).

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Tabharfaidh GFT faoi athbhreithniú cuimsitheach ar shuíomhanna agus ar thacaíochtaí straitéiseacha, lena n-áirítear na hacmhainní airgeadais agus daonna atá riachtanach chun plean a chur i bhfeidhm.** | R1 2026 | GFT |
| **Mar ghníomhaíocht luath, déanfaidh GFT athbhreithniú ar dheiseanna margaidh i gCeanada agus i suíomhanna Fionnachtaí.** | R1 2026 | GFT |
| **Déanfaidh GFT láithreacht nua sa mhargadh sa Chóiré Theas a earcú (Súl).** | R1 2026 | GFT |

## Bord Bia

Sa bhliain 2025, geallann Bord Bia go dtacófar le cuideachtaí cliaint go diongbháilte trína líonra de cheithre oifig déag thar lear, ocht gcinn san Eoraip agus sé cinn i margaí idirnáisiúnta barrthábhachtacha eile. Agus onnmhairí bia agus dí ag dul chomh hard le €17 billiún sa bhliain 2024, méadú 5% ar 2023 agus an méid is mó a bhí ann riamh, tá Bord Bia ag díriú ar an rath sin a choimeád agus a fhorbairt trí léargais ar an margadh áitiúil a chur ar fáil, líonraí a chothú agus deiseanna tráchtála a chumasú idir soláthraithe Éireannacha agus custaiméirí idirnáisiúnta.

Trí chlú agus cáil bhia agus dheoch ardchaighdeáin na hÉireann a chur chun cinn, leanann Bord Bia d'fhás easpórtála a spreagadh. In ainneoin brú boilscitheach agus caiteachas custaiméara maolaithe, tá roinnt catagóirí ag baint fás méide amach. Tá Bord Bia fós sofhreagrúil maidir lena thacaíochtaí a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais cliant.
Tosaíochtaí earnála agus cainéil gach margaidh a mhúnlaíonn na gníomhaíochtaí a dhéantar, ach ní athraíonn an sprioc uileghabhálach: feasacht dhomhanda agus clú soláthraithe bhia agus dheoch na hÉireann a fhorbairt, a n-ullmhacht mhargaidh a threisiú agus ceangail a fheabhsú idir iad agus na custaiméirí is oiriúnaí ar fud an domhain.

Leanann Bord Bia de bheith ag obair go gníomhach le cuideachtaí cliaint Éireannacha chun tacú le fás i margaí tosaíochta tábhachtacha. Ag cur le fuinneamh ó bhlianta roimhe sin, tá an bhéim go fóill ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha le custaiméirí a chothú ar fud bealaí miondíola agus seirbhíse bia.

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Lorg reatha d'oifigí a scrúdú agus an gá a d'fhéadfadh a bheith ann le méadú a mheas, bunaithe ar bheart maidir le tosaíocht sa mhargadh.** | R4 2025 | Bord Bia |
| **Athbhreithniú a dhéanamh ar chreat nuashonraithe maidir le tosaíocht sa mhargadh, trí mhargadh le meas maidir le lorg méadaithe a shainaithint agus cur chuige céimnithe a chur i bhfeidhm chun acmhainn a chur i bhfeidhm sa mhargadh.** | R4 2025 | Bord Bia |
| **Deiseanna maidir le hiasacht foirne a mhéadú chun cur ar chumas Bord Bia a margaí a ghríosú agus tús a chur le deiseanna custaiméara. e.g. Toronto, Ceanada sa bhliain 2025 (ag leanúint ar aghaidh ó Sydney sa bhliain 2024).** | R4 2025 | Bord Bia |
| **Ag obair lenár bhfoirne ionmhargaidh, ag cinntiú go bhfuil comhairleoirí leordhóthanacha i láthair 'ar na sráideanna' sa mhargadh ar féidir leo tacú le huaillmhianta cliant maidir le héagsúlú an mhargaidh.** | Ar siúl faoi láthair | Bord Bia |
| **Athbhreithniú a dhéanamh ar chlár dar teideal 'An tAcadamh Tallainne' agus torthaí agus aschuir le meas, e.g. socrúchán do Chomhaltacht um Margaíocht nua i Sydney na hAstráile sa bhliain 2025.** | R4 2025 | Bord Bia |

## Turasóireacht Éireann

Tá Turasóireacht Éireann dírithe ar thacaíocht a thabhairt do thurasóireacht thar lear chun na hÉireann agus do na gnólachtaí agus na pobail a bhraitheann air. Le linn 2025, tá Turasóireacht Éireann ag infheistiú i gclár gníomhaíochta atá dírithe go mór ar fud breis is 14 mhargadh foinse thar lear. Seachadfaidh a mhisin thar lear feachtais a mbeidh raon feidhme níos mó ná €1.6 billiún acu, deiseanna poiblíochta a mbeidh raon feidhme níos mó ná €1.6 billiún acu, agus breis is 30,000 cruinniú gnólacht-le-gnólacht do chomhpháirtithe turasóireachta thar lear in 2025 le fócas athnuaite ar Imeachtaí Gnó, taisteal sómasach agus taisteal eachtraíochta.

Leanfaidh Turasóireacht Éireann d'infheistíocht a dhéanamh i ngníomhaíochtaí sa Bhreatain Mhór, ag forbairt deiseanna margaidh do ghnó ó cheann ceann na bliana agus do ghnó réigiúnach.

Agus Turasóireacht Éireann tar éis mionmheasúnú a dhéanamh le déanaí ar mhargaí mhórthír na hEorpa, cuirfidh sé a straitéis nua i bhfeidhm chun mórathrú in ioncam ó chuairteoirí sna margaí tábhachtacha sin a bhaint amach.

I Meiriceá Thuaidh, forbróidh Turasóireacht Éireann a láithreacht méadaithe ar an gCósta Thiar le blianta beaga anuas agus ar acmhainní méadaithe i gCeanada. Leis an líonra méadaithe de chonairí rochtana ar fud Mheiriceá Thuaidh, fástar deiseanna margaíochta sna Stáit Aontaithe.

Leanann foireann 'Comhpháirtíochtaí Domhanda' de chuid Thurasóireacht Éireann de ghlacadh le cur chuige comhpháirtíochta solúbtha i leith deiseanna i margaí nach bhfuil láithreacht ag Turasóireacht Éireann, rud a chinntíonn go mbeidh na deiseanna uile gnó le haghaidh fáis fhíoraithe.

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Foireann Thurasóireacht Éireann sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada a mhéadú chun gníomhaíocht mhéadaithe a éascú i gcathracha nua tairsí.** | Ar siúl faoi láthair | Turasóireacht Éireann |
| **Foirne maidir le margaíocht agus poiblíocht do thomhaltóirí i Mórthír na hEorpa a mhéadú chun torthaí Mheasúnú Mhórthír na hEorpa a chur i bhfeidhm.** | Ar siúl faoi láthair | Turasóireacht Éireann |
| **Foireann Comhpháirtíochtaí Domhanda de chuid Thurasóireacht Éireann a mhéadú chun tacú le dul isteach agus gníomhaíocht tionscail i margaí tearcfhorbartha.** | 2026 | Turasóireacht Éireann |
| **Infheistíocht bhreise sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada chun tábhacht i bhfad níos treise a thabhairt do ghníomhaíocht Thurasóireacht Éireann sna margaí sin.** | 2026 | Turasóireacht Éireann |

## Taighde Éireann

Is féidir le taidhleoireacht na heolaíochta ról tábhachtach a imirt in éagsúlú margaidh na hÉireann. Chun tacú le hiarrachtaí na hÉireann chun a margadh a éagsúlú, measfaidh Taighde Éireann suíomhanna chun a bhfoireann a chomhlonnú ann, áit a bhfuil oifigí gníomhaireachtaí Taidhleoireachta agus Stáit ann cheana féin. Leis na poist nua thar lear sin, cuirfear léargas teicniúil domhain ar fáil agus treorófar gnáthstraitéisí margaidh líonraí taighde.

Forbróidh Taighde Éireann cur chuige straitéiseach freisin maidir le hinfheistíocht i dtaighde comhoibríoch le comhpháirtithe idirnáisiúnta, agus tabharfar aitheantas do na buntáistí don tsochaí agus don gheilleagar a d'fhéadfaí a bhaint amach trí chomhoibriú idirnáisiúnta.

Déanfaidh Taighde Éireann iarracht deiseanna a shainaithint le haghaidh comhthionscadal idir Lárionaid de chuid Thaighde Éireann agus Ionaid Barr Feabhais an AE, rud a chabhróidh le dul i ngleic le dúshláin mhóra dhomhanda ar scála níos mó. Tá sé mar aidhm ag tionscadail dá leithéid iomaíochas a fheabhsú i leith mórchlár cistithe amhail Fís Eorpach, go háirithe do chuideachtaí a bhfuil baint acu leis na hionaid sin.

Ag cur leis na samhlacha cruthaithe atá sa Chiste Náisiúnta um Dhúshláin agus sa Ghradam um Nuálaí don Todhchaí, déanfaidh Taighde Éireann formáidí cistithe atá bunaithe ar dhúshláin a ghiaráil chun taighde feidhmeach atá dírithe ar mhisean a spreagadh. Dá gcuirfí comhoibriú idirnáisiúnta san áireamh laistigh den tsamhail sin, ba cheart go gcuirfeadh sé sin débhinsí tástála ar fáil maidir le forbairt ar réiteach, agus mar thoradh air sin d'fhéadfadh bailíochtú agus ullmhacht don mhargadh nuálaíocht ardtionchair a spreagadh agus naisc taighde na hÉireann i margaí domhanda a bhfuil tábhacht straitéiseach acu a neartú freisin.

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Suíomhanna thar lear a mheas le haghaidh fhoireann Thaighde Éireann. Dhéanfaí é sin i gcomhar le hAtaiséanna Idirnáisiúnta de chuid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) nuair a shainaithnítear réimse ar leith ina bhfuil fócas mór teicniúil riachtanach.** | 2026 | Taighde Éireann |
| **Cur chuige straitéiseach a fhorbairt chun cistí infheistíochta le haghaidh taighde comhoibríoch a fhorbairt i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta.** | 2026 | Taighde Éireann |
| **Tionscnamh idirnáisiúnta maidir le Cistiú um Dhúshlán a bhunú.** | 2027 | Taighde Éireann |
| **Comhthionscadail a d'fhéadfadh a bheith ann a bhfuil fócas acu ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra dhomhanda i gcomhar le hIonaid Eorpacha Barr Feabhais a shainaithint.** | 2027 | Taighde Éireann |

## Líonra Taidhleoireachta agus Thar Lear

Tá an méadú ar lorg taidhleoireachta na hÉireann ag gabháil le neartú suntasach de láithreacht an Stáit i suíomhanna tábhachtacha, agus ceapadh ataiséanna i misin taidhleoireachta na hÉireann ó mhórán Ranna an Rialtais.

Tá ról tábhachtach ag ataiséanna chun caidrimh eacnamaíocha na hÉireann a chur chun cinn i margaí tosaíochta, agus oibríonn siad i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí an Stáit. Chun a chinntiú go bhfuilimid ag uasmhéadú luach na n-ataiséanna atá dírithe ar an ngeilleagar ar fud an líonra taidhleoireachta, déanfaidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála athbhreithniú ar chleachtais reatha trí Fhoireann Margaidh na Ceanncheathrún, le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2025.

Faoi Shaoránach Domhanda 2030, ceapadh Ataiséanna Tallainne agus Nuálaíochta nua i mBostún agus in San Francisco agus tá ceathrar eile le ceapadh faoin bhliain 2030. Cuirfidh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta suíomhanna chun tosaigh le haghaidh a mbreathnaithe faoi dheireadh 2025 do na chéad bheirt Ataiséanna eile.

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Athbhreithniú a dhéanamh ar phoist Ataiséanna chun cabhrú lena n-iarrachtaí an margadh a éagsúlú.** | R4 2025 | RGET / RFTF / RTBM / RA |
| **Faoi Éire Dhomhanda 2040, mionathbhreithniú a dhéanamh ar láithreacht na hÉireann thar lear d'fhonn go méadófar agus go neartófar an láithreacht sin i gcás inar gá chun tacú le tosaíochtaí eacnamaíocha na hÉireann.** | R1 2026 | RGET |
| **Leanúint de ghealltanas de chuid Shaoránaigh Dhomhanda 2030 a chur i bhfeidhm chun seisear Ataiséanna Tallainne agus Nuálaíochta a cheapadh faoin bhliain 2030, agus tá ceithre phost eile den chineál sin le sainaithint chomh maith leis na cinn atá i bhfeidhm i mBostún agus in San Francisco.** | 2026 | RBATNE |
| **Cláir scoláireachta idirnáisiúnta níos spriocdhírithe a fhorbairt chun ailíniú níos fearr le tosaíochtaí agus margaí straitéiseacha.** | L2 2025 | RBATNE |
| **Clár a bhunú chun taighdeoirí sármhaithe seanbhunaithe agus atá ag teacht chun cinn a mhealladh chun na hÉireann. Cisteoidh an tionscnamh taighde ar roinnt réimsí téamacha a léiríonn tosaíochtaí eacnamaíocha agus sochaíocha barrthábhachtacha.** | R3 2025 | RBATNE / Taighde Éireann |

## An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann

Tá láithreacht cheana féin ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) sna Stáit Aontaithe. Is é aidhm na hoifige seo cúnamh a thabhairt do chuideachtaí SAM marcálaí CE agus MDSAP a fháil dá dtáirgí feiste leighis chun iad a díol sa mhargadh Eorpach agus chun cuideachtaí feiste leighis Éireannacha a chumasú rochtain a fháil i margadh na Stát Aontaithe Mheiriceá trí MDSAP.

Fiosróidh ÚCNÉ an tseirbhís chéanna a chur ar fáil do chuideachtaí Áiseacha atá ag iarraidh rochtain a fháil ar an margadh Eorpach. Trí MDSAP is féidir leo rochtain a fháil ar an mBrasaíl, Ceanada, an tSeapáin, an Astráil agus na Stáit Aontaithe.

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Tá ÚCNÉ le fiosrú seirbhísí a chur ar fáil do chuideachtaí Áiseacha chun marcálaí CE agus MDSAP a fháil dá dtáirgí feiste leighis chun iad a dhíol sa mhargadh Eorpach.** | Ar siúl faoi láthair | ÚCNÉ |



## Coimisiúin Chomhpháirteacha Eacnamaíochta a Fheabhsú

Cuireann Coimisiúin Chomhpháirteacha Eacnamaíochta (JECanna) fóram luachmhar ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht struchtúrtha rialta praiticiúil agus le haghaidh taithí a roinnt le tír chomhpháirtíochta eile maidir le cúrsaí trádála, eacnamaíochta, beartais tionscail agus cúrsaí déthaobhacha ábhartha eile. Is féidir leo feidhmiú mar ardán chun promóisean infheistíochta agus trádála comhthairbheach a chur chun cinn, saincheisteanna rochtana margaidh nó rialála a chur agus tacú le comhar níos dlúithe i réimsí tosaíochta amhail eolaíocht, nuálaíocht agus teicneolaíocht, nascacht, margaidh shaothair, claochlú digiteach agus glas, athléimneacht an tslabhra soláthair, turasóireacht agus cultúr, talmhaíocht agus sábháilteacht an tsoláthair bia, sláinte, eitlíocht agus aeraspás agus cibearshlándáil.

Cruinníonn JECanna, go ginearálta, ar bhonn débhliantúil. Tá JECanna gníomhacha ag Éirinn i bhfeidhm faoi láthair leis an tSín agus leis an gCóiré Theas; tá JEC leis an Araib Shádach i bhfeidhm ach níl sé gníomhach le blianta beaga anuas; agus shínigh an tAire Stáit le freagracht as Cur Chun Cinn Trádála, Intleacht Shaorga agus Claochlú Digiteach comhaontú JEC le hAontas na nÉimíríochtaí Arabacha in R2 2025 agus tá an chéad chruinniú beartaithe do R4 2025. Tá JEC nua leis an India go mór chun cinn sa phróiseas idirbheartaíochta i gcomhréir leis an ngealltanas a leagtar amach i Rannpháirtíocht leis an India a Fheabhsú, an Plean Gníomhaíochta arna ghlacadh i mí an Mhárta 2025.

Tá sé beartaithe fuinneamh breise a thabhairt do na JECanna sin, lena n-áirítear réamhobair ag Foireann Margaidh na Ceanncheathrún (fóram de Ranna agus Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha a chomhordaíonn an obair maidir le cur chun cinn trádála idirnáisiúnta agus misean trádála), chun a chinntiú go bhfuil na JECanna uile sin gníomhach maidir le rochtain phraiticiúil a oscailt ar na margaí thar lear sin.

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **JECanna gníomhach leis an tSín agus leis an gCóiré Theas a choimeád; an JEC leis an Araib Shádach a chur i bhfeidhm arís.** | Ar siúl faoi láthair | RFTF / RGET |
| **An JEC nua le hAontas na nÉimíríochtaí Arabacha a bunaíodh i mí Aibreáin 2025 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an chéad chruinniú sa bhliain 2025.** | R4 2025 | RFTF / RGET |
| **Plean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Rannpháirtíocht leis an India a Fheabhsú a chur i bhfeidhm agus leanúint de bheith ag obair chun JEC nua a bhunú leis an India.** | Ar siúl faoi láthair | RGET / RFTF |

## Tithe na hÉireann Nua a Fhorbairt mar Ardáin Mhóra Bholscaireachta i Suíomhanna Barrthábhachtacha

Tá an tsamhail a bhaineann le 'Teach na hÉireann' tábhachtach chun comhghleacaithe taidhleoireachta agus Gníomhaireachta Stáit a thabhairt le chéile chun bheith ag comhoibriú mar fhoireann aonair, faoi dhíon amháin, ag fáil infheistíochtaí, onnmhairí agus post d'Éirinn agus ag uasmhéadú tionchair i dtíortha óstacha agus ag uasmhéadú luacha le haghaidh cáiníocóirí Éireannacha sa bhaile. Faoi láthair tá fiche Teach na hÉireann ann, lena n-áirítear Teach na hÉireann nua i dTóiceo, ar oscail an Taoiseach é go hoifigiúil ar an 2 Iúil 2025.  Tá Tithe na hÉireann á bhforbairt i Londain, Toronto agus Lyon (ag súil go gcríochnófar iad faoi 2027), agus tá ceann eile ar chéim fhéidearthacht an tionscadail in Milano. Tá pleananna ar siúl chun Teach na hÉireann uasghrádaithe a fhorbairt i Maidrid.  Leis sin, ceithre cinn is fiche an líon iomlán de Thithe a hÉireann a bheidh ann faoi 2027.

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Ag cur le rath le déanaí de Thithe na hÉireann i Nua-Eabhrac, Tóiceo, Singeapór, Shanghai, Chicago agus áiteanna eile, tionscadail uaillmhianacha i leith Theach na hÉireann a sheachadadh i Londain, Milano, Lyon agus Maidrid (ag súil go gcríochnófar iad faoi 2027), mar chroílár gníomhaíochta bolscaireachta sa mhargadh, chomh maith le rudaí eile.** | Ar siúl faoi láthair | RGET / RFTF / FÉ / GFT / Bord Bia |
| **Leanúint d'athbhreithniú agus cur i bhfeidhm shamhail Theach na hÉireann i suíomhanna straitéiseacha agus i margaí barrthábhachtacha thar lear.** | Ar siúl faoi láthair | RGET / RFTF / FÉ / GFT / Bord Bia / Turasóireacht Éireann |

## Fócas Trádála agus Eacnamaíochta a Fheabhsú i Straitéisí Réigiúnacha agus i Straitéisí Eile a bhfuil Fócas Idirnáisiúnta Acu

Díríonn timpeallacht reatha thrádála agus infheistíochta idirnáisiúnta aird ar thábhacht na gcaidreamh trádála idirnáisiúnta, a bhfuil caidrimh láidre polaitiúla mar bhonn fúthu.

Tá ról tábhachtach ag straitéisí réigiúnacha agus tírshonracha Uile-Rialtais faoi Éire Dhomhanda 2025 maidir le rannpháirtíocht idirnáisiúnta na hÉireann a fheabhsú. Geallann Clár an Rialtais creat uileghabhálach Éire Dhomhanda 2040 nua maidir le rannpháirtíocht idirnáisiúnta na hÉireann, lena n-áirítear caidrimh níos láidre fós lenár gcomhpháirtithe Eorpacha, agus go leanfar ar aghaidh le straitéisí uile-Rialtais a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú a chlúdóidh Meiriceá Laidineach, an Áise-Aigéan Ciúin, an tSín ina measc, na Stáit Aontaithe agus Ceanada agus an Afraic.

Cuireann na straitéisí nua atá á bhforbairt, nó atá le forbairt, deis ar fáil an cur chuige feabhsaithe nua sin maidir le héagsúlú an mhargaidh a chomhtháthú go mór i ngach réimse de rannpháirtíocht idirnáisiúnta straitéiseach an Rialtais.

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Éagsúlú an mhargaidh a chur san áireamh mar phríomhcholún na straitéisí réigiúnacha nua atá le forbairt faoi Éire Dhomhanda 2040.** | 2026-2027 | RGET |
| **Éagsúlú an mhargaidh le bheith curtha san áireamh sa Straitéis Taidhleoireachta nua maidir le Spóirt Idirnáisiúnta.** | R4 2025 | RGET / RCCS |
| **Machnamh a dhéanamh, tríd an Straitéis Diaspóra atá le teacht, ar an gcaoi is fearr le comhpháirtíocht a dhéanamh le heagraíochtaí gnó an diaspóra chun gnólachtaí Éireannacha a mhéadú i suíomhanna atá tábhachtach ó thaobh straitéise de i gcomhar leis na Foirne Margaidh Áitiúla agus Réigiúnacha.** | Ar siúl faoi láthair | RGET / RFTF / FÉ / GFT / Bord Bia |
| **Cur chuige níos straitéisí maidir le rannpháirtíocht le ceannairí gnó agus cinnteoirí ardleibhéil a bhfuil nasc acu le hÉirinn agus atá bunaithe thar lear a fhorbairt, amhail an Painéal Comhairleach Eacnamaíoch Straitéiseach (SEAP) sna Stáit Aontaithe.** | Ar siúl faoi láthair | RGET / RFTF/ FÉ |



Niamh Smyth TD, an tAire Stáit le freagracht as Cur Chun Cinn Trádála, Intleacht Shaorga agus Claochlú Digiteach, ag Comhdháil Trade Horizons na hÉireann-na hAfraice ag Caisleán Bhaile Átha Cliath. Sonraí an Ghrianghrafadóra: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

# Cuspóir 3:
# Misin Trádála agus Turasóireachta a Sheachadadh le hAghaidh Tionchair Straitéisigh

# Cuspóir 3: Misin Trádála agus Turasóireachta a Sheachadadh le hAghaidh Tionchair Straitéisigh

Beidh ról tábhachtach ag Foireann Margaidh na Ceanncheathrún (HQMT), faoi chomhchathaoirleacht na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta agus na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun obair chomhtháite chomhoibríoch a chothú ar fud Ranna agus Gníomhaireachtaí an Rialtais chun tionchar chur chun cinn agus forbartha trádála ionmhargaidh a bharrfheabhsú.

Is iarracht de chuid 'Fhoireann Éireann' iad misin trádála agus turasóireachta faoi stiúir Airí agus faoi stiúir na Roinne ábhartha, i gcomhar le Ranna eile, líonra ambasáidí agus consalachta na hÉireann, ár líonraí gníomhaireachtaí Stáit agus ár bhfoirne ar fud an Rialtais chun dlúthchomhar a chinntiú taobh le gnólachtaí chun a rath a chinntiú.

Is comhpháirtí ríthábhachtacha iad misin trádála agus turasóireachta i gcur chuige straitéiseach na hÉireann maidir le caidrimh eacnamaíocha, thrádála agus infheistíochta le comhpháirtithe a mhéadú. Tá sé cruthaithe go bhfuil na misin sin an-rathúil maidir le tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí trí phróifíl na hÉireann a ardú mar sholáthraí den chéad scoth earraí agus seirbhísí atá intrádála go hidirnáisiúnta, ag seachadadh ceangal ardluacha gnólacht le gnólacht agus ag cur le díolacháin incriminteacha le margaí eachtracha a ghiniúint. Féadann siad cinnteoirí infheistíochta a chur ar a suaimhneas gurb í Éire an rogha cheart mar shuíomh agus gur féidir léi timpeallacht ghnó a chur ar fáil dóibh chun a n-infheistíocht a dhéanamh rathúil.

Sa chomhthéacs reatha geopholaitiúil agus eacnamaíoch, tá sé barrthábhachtach go leanfaidh Éire de na misin sin a phleanáil ar bhonn 'Fhoireann na hÉireann' lena n-áirítear cur chuige uile-rialtais agus i gcomhar le gnólachtaí. Chun tionchar na gcuairteanna sin, ó thaobh clú de, a uasmhéadú tá sé ríthábhachtach go bhfuil teachtaireacht chiallmhar agus ailínithe curtha ag comhpháirtithe Fhoireann na hÉireann, go háirithe thar lear.

Cuireann tréimhse Lá Fhéile Pádraig deis uathúil ar fáil chun Éire a chur chun cinn ar leibhéal domhanda freisin, a bhfuil an clár cuairte Airí 'Éire a Chur Chun Cinn' mar chuid thábhachtach de, agus sa bhliain 2025 chlúdaigh sé sin breis is 113 cathair ar fud 41 tír, agus beagnach 200 imeacht agus cruinniú gnó.

Bhí misin trádála uile-oileáin rathúla ann freisin, agus leanfaidh an Rialtas de bheith ag cinntiú go leanfar de dheiseanna chun gné uile-oileáin a áireamh i misin trádála agus turasóireachta a chur san áireamh.

Mar aon le misin amach, cuireann cuairteanna isteach ag toscaireachtaí idirnáisiúnta, go háirithe maidir le himeachtaí comhdhála agus spóirt mórscála, deis straitéiseach ar fáil chun ceangail idirnáisiúnta gnólacht le gnólacht a fhorbairt agus chun aird a tharraingt ar Éirinn, ar ár n-éiceachóras nuálaíochta agus ar ghnólachtaí Éireannacha. Tá cur chuige comhordaithe riachtanach chun luach cuairteanna mar sin a uasmhéadú.

## Seachtain Misean Trádála de chuid Fhoireann na hÉireann a Atosú agus Tuilleadh Misean Trádála Il-Aire a Chur Chun Cinn

I mí Bealtaine 2023, chuir an chéad Seachtain Misean Trádála de chuid Fhoireann na hÉireann chuig Poblacht na Cóiré, faoi stiúir an Taoisigh, ardán nuálaíoch agus éifeachtach ar fáil chun naisc eacnamaíocha na hÉireann a chur chun cinn agus chun tacú le gnólachtaí Éireannacha atá ag feidhmiú i margadh na Cóiré. Fillfidh Seachtain Misean Trádála de chuid Fhoireann na hÉireann sa bhliain 2025, agus beidh an Taoiseach mar cheannaire ar chuairt uile-Aireachta ar Cheanada chun naisc eacnamaíocha, thrádála, infheistíochta, nuálaíochta agus chultúrtha idir Éire agus Ceanada a chur chun cinn.

Ag cur leis an rath go dtí anois agus chun pleanáil mhaith a éascú maidir le cuairteanna amach anseo, oibreoidh an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, i ndlúthchomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, go dlúth le Roinn an Taoisigh agus le ranna agus gníomhaireachtaí eile chun sceideal de Sheachtainí Misean Trádála bliantúla de chuid Fhoireann na hÉireann a fhorbairt do na blianta amach romhainn.

Oibreoidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála go dlúth leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, le Gníomhaireachtaí Stáit agus ranna eile, chun buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann a scrúdú maidir le misin faoi stiúir an Tánaiste i margaí tosaíochta atá ann cheana féin amhail Margadh Aonair an AE.

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
| --- | --- | --- |
| **Seachtain Misean Trádála de chuid Fhoireann na hÉireann faoi stiúir an Taoisigh a atosú chun díriú ar mhargaí barrthábhachtacha maidir le hÉagsúlú an Mhargaidh le Ceanada, an suíomh roghnaithe do dheireadh 2025.** | R4 2025 | RFTF / RGET / Uile-Rialtais |
| **Pleananna a chomhaontú maidir le Seachtainí Misean Trádála de chuid Fhoireann na hÉireann sa bhliain 2026 agus 2027 go luath ionas gur féidir pleanáil fhadtéarmach a dhéanamh.** | R4 2025 | RFTF / RGET / Uile-Rialtais |
| **Misin il-Aire trádála, turasóireachta, chultúrtha agus taighde/nuálaíochta a sheachadadh do Mhargadh Aonair an AE.** | R2 2026 | RFTF / RGET / Uile-Rialtais |

## Clár Uaillmhianach de Mhisin Trádála agus Turasóireachta a bhfuil Tionchar Mór Aige a Sheachadadh

Tacóidh an Plean Gníomhaíochta seo leis an gcuspóir go bhfaighfear rochtain ardleibhéil ar an margadh le haghaidh cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn agus atá ag iarraidh gnó a fhás thar lear agus fostaíocht intíre a mhéadú, agus a chuireann deiseanna i láthair le haghaidh infheistíocht dhíreach choigríche a thacaíonn le poist ardchaighdeáin agus le forbairt réigiúnach ar fud na hÉireann.

Tá clár cuimsitheach de mhisin trádála agus turasóireachta ar siúl cheana féin in 2025. Toradh ar chomhairleoireacht rialta is ea na pleananna le gnólachtaí ag Gníomhaireachtaí Stáit – Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Bord Bia agus Turasóireacht Éireann – arna gcomhaontú ag na Ranna ábhartha, lena n-áirítear an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Airgeadais agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.
Tá misin trádála beartaithe go hAlbain (Glaschú), Stáit Aontaithe Mheiriceá (an tIarthar Láir - Chicago agus Minneapolis), an tSeapáin (Móraonach 2025), an Astráil (APAC), Cósta Thiar na Stát Aontaithe, an tSualainn, an Bhaváir, an Eilvéis agus Ceanada. Rinneadh misin trádála agraibhia faoi stiúir Airí chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá i mí Aibreáin agus chuig an gCóiré agus chun na Seapáine i mí an Mheithimh. Beidh misean trádála agraibhia eile ag dul chun na Síne. Tá misin turasóireachta beartaithe chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá (IMEX agus Scoth na hÉireann), an Ghearmáin (IMEX Frankfurt agus Éire ag Teacht le Chéile leis an nGearmáin), an Fhrainc (IFTM Top Resa agus ILTM), Londain (WTM agus Blasanna na hÉireann) agus an Spáinn (IBTM Barcelona).

Déanfar an clár de mhisin trádála agus turasóireachta don bhliain 2026 a phleanáil go luath, i gcomhar le gníomhaireachtaí Stáit, gnólachtaí agus Foirne Margaidh Áitiúla, agus déanfaidh Foireann Margaidh na Ceanncheathrún (HQMT) é a chomhordú. De bharr go n-aithnítear tábhacht na nasc idirnáisiúnta le heolaíocht agus le taighde in Éirinn, beidh Misean Trádála um Lárionaid Taighde á sheachadadh ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta i margadh tosaíochta sa bhliain 2026.

Pléifidh an HQMT clár cuimsitheach de chuairteanna i mí Eanáir gach bliain agus déanfar iarracht cumarsáid agus comhordú éifeachtach a chinntiú nuair is féidir. Cuirfear Fóram Trádála an Rialtas ar an eolas maidir le haon imeacht/chomhdháil ardleibhéil atá beartaithe agus atá á óstáil in Éirinn ag Ranna agus Gníomhaireachtaí Stáit éagsúla sa bhliain 2026. Tabharfaidh cuairteanna beartaithe aird chuí ar thionchar rannpháirtíochta Airí a uasmhéadú i margaí tosaíochta seanbhunaithe agus i margaí nua atá ag teacht chun cinn araon, go háirithe i gcás ina bhfuil Comhaontú Saorthrádála an AE comhaontaithe le déanaí le tír chomhpháirtíochta.




**Peter Burke TD, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ag cruinniú le Druid Software, cliant de chuid Fiontraíocht Éireann, agus Kyocera (Comhpháirtí Seapánach) ag an bPailliún Future of Life ag Móraonach an Domhain.** Sonraí an Ghrianghrafadóra: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

## Lá Fhéile Pádraig 2026

Tá tréimhse Lá Fhéile Pádraig an-luachmhar chun ardán a thabhairt d'Éirinn agus chun cuspóirí eacnamaíocha idirnáisiúnta an Rialtais a chur chun cinn. Beidh fócas níos mó ar thrádáil agus ar infheistíocht agus 'Clár um Chur Chun Cinn na hÉireann' do Lá Fhéile Pádraig á fhorbairt i mí an Mhárta 2026.

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Na misin trádála agus turasóireachta atá beartaithe do 2025 a chomhlíonadh.** | Ar siúl faoi láthair | RFTF / FÉ / GFT / Turasóireacht Éireann / Bord Bia / RTBM |
| **Plean trádála agus turasóireachta uaillmhianach faoi stiúir Airí don bhliain 2026 a chomhaontú a bheidh á phlé ag an HQMT.** | R1 2026 | RFTF / FÉ / GFT / Turasóireacht Éireann / Bord Bia / Taighde Éireann |
| **Liosta d'imeachtaí feiceálacha atá á n-óstáil in Éirinn sa bhliain 2026 atá oiriúnach do chuairteanna trádála isteach a fhorbairt agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi le rannpháirtíocht de ghnó ardleibhéil thar lear a chinntiú.** | R1 2026 | FÉ / GFT / Bord Bia / Turasóireacht Éireann / Idir-Thrádáil Éireann / RFTF / RGET / RTBM / RA |
| **Misean Trádála um Nuálaíocht agus Taighde a sheachadadh do mhargadh tosaíochta.** | R2 2026 | RBATNE / Taighde Éireann |
| **Fócas méadaithe ar phríomh-mhargaí tosaíochta agus atá ag teacht chun cinn mar chuid de 'Chlár Chur Chun Cinn na hÉireann' do Lá Fhéile Pádraig in 2026.** | R1 2026 | RGET |

## Luach na Misean Trádála agus Turasóireachta a Uasmhéadú chun a nÉifeachtacht agus a Seachadadh Amach Anseo a Bharrfheabhsú

Tá samhail na Foirne Margaidh Áitiúla agus Réigiúnacha ríthábhachtach do rath na hÉireann thar lear chun tosaíochtaí eacnamaíocha agus infheistíochta an Rialtais a chomhlíonadh. Tá Ceannasaithe Misean i gceannas ar na Foirne Margaidh Áitiúla agus Réigiúnacha (LMTanna/RMTanna) ina bhfuil pearsanra na hAmbasáide/na hArd-Chonsalachta, ataiséanna san áireamh, agus Gníomhaireachtaí Stáit ag obair as lámha a chéile sa mhargadh mar 'Fhoireann na hÉireann'. Tugann na RMTanna roinnt LMTanna le chéile chun cur le gníomhaíochtaí i réigiún trí thaithí, saineolas agus rochtain gach baill den LMT a thabhairt le chéile. Sa bhliain 2024, bhí 23 Foireann Margaidh Áitiúil, Réigiúnach agus Foréigiúnach ag feidhmiú ar fud an domhain chun cuspóirí Straitéis Trádála agus Infheistíochta an Rialtais a bhaint amach.

Is iad na buntáistí a bhaineann le cur chuige comhordaithe Fhoireann na hÉireann trí na LMTanna agus RMTanna ná tionchar na misean trádála agus turasóireachta a uasmhéadú. De réir mar atá pleananna á bhforbairt, tá sé barrthábhachtach go mbeadh cumarsáid shoiléir agus dea-chomhoibriú ann idir baill den LMT / RMT agus idir baill d'Fhoireann Margaidh na Ceanncheathrún freisin.

Chun a áirithiú go gceaptar agus go ndírítear misin trádála agus turasóireachta ar bhealach optamach, molann an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta athbhreithniú ar fheidhmiú na misean trádála, turasóireachta agus infheistíochta a dhéanamh. Lena linn sin, oibreoidh an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta i ndlúthchomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, go háirithe le comhpháirtithe eile Fhoireann na hÉireann, agus áirítear leis sin comhairliúchán a dhéanamh le gach ball d'Fhoireann Margaidh na Ceanncheathrún.

Leis an athbhreithniú sin, déanfar iarracht a shainaithint cad a d'oibrigh go maith i misin trádála agus turasóireachta go dtí anois, agus conas is féidir cur leis na gnéithe sin, chomh maith le réimsí le feabhsú, lena n-áirítear bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann i bpleanáil clár, leithdháileadh acmhainní (am Airí san áireamh) agus gnéithe eile de chomhordú ar fud an rialtais. Leis an athbhreithniú sin, scrúdófar an bealach a roghnaíodh suíomhanna le haghaidh misean agus an bealach ba cheart é sin a dhéanamh amach anseo freisin. Leis an athbhreithniú measfar freisin a bhfuil deiseanna ann gné thaighde a chur le misin trádála chun comhráite teicniúla doimhne le páirtithe leasmhara tábhachtacha a éascú.

Chomh maith le barrfheabhsú éifeachtúlachta agus torthaí, ba cheart go n-áireofaí i measc phrionsabail idirghabhálacha an athbhreithnithe seo comhghleacaíocht, cumarsáid agus comhoibriú ag Foireann na hÉireann, mar pháirtithe leasmhara tábhachtacha i seachadadh cuspóirí eacnamaíocha, trádála agus infheistíochta an rialtais.

Nuair a bheidh sé críochnaithe, ba cheart go gcuirfeadh an t-athbhreithniú sin bealach soiléir ar aghaidh i láthair maidir le comhordú, pleanáil agus seachadadh trasrialtais de mhisin trádála agus turasóireachta, mar aon le sraith moltaí is féidir a chur chun feidhme ar mhaithe le feabhas a chur ar an obair uile-rialtais sin ag Foireann na hÉireann.




Teach na hÉireann @ SXSW 2025. Sonraí an Ghrianghrafadóra: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Athbhreithniú ar an gcaoi a gceaptar agus a dhírítear misin trádála agus turasóireachta tríd an HQMT, chun a áirithiú go leithdháiltear am Airí ar ár n-earnálacha agus ar ár margaí barrthábhachtacha agus go gcomhordaítear obair ar fud Ranna an Rialtais go hiomlán.** | R4 2025 | RFTF / GFT / FÉ / Turasóireacht Éireann / RGET / RTBM / Bord Bia / RA |
| **Deiseanna chun gné thaighde a chur le misin trádála atá ann cheana féin a mheas.** | R4 2025 | RFTF / RGET / Taighde Éireann |

# Cuspóir 4:
# Ullmhacht Intíre a Fheabhsú i leith Rannpháirtíocht agus Comhpháirtíocht Eacnamaíoch

# Cuspóir 4: Ullmhacht Intíre a Fheabhsú i leith Rannpháirtíocht agus Comhpháirtíocht Eacnamaíoch

Tá sé ríthábhachtach go n-ullmhóidh Éire, ní hamháin trína gníomhaíochtaí go hidirnáisiúnta ach trína gníomhaíochtaí sa bhaile freisin, chun a áirithiú gur féidir deiseanna rannpháirtíochta agus comhpháirtíochta eacnamaíche a chur chun tosaigh. Tá an Rialtas tiomanta chun a áirithiú gur timpeallacht iomaíoch do ghnólachtaí í Éire. Tá suíomh iomaíoch ginearálta na hÉireann go hidirnáisiúnta láidir agus tá sí ar an seachtú geilleagar is iomaíche ar domhan faoi láthair. Bhí deich mbliana d'fhás eacnamaíoch an-suntasach, d'fhás láidir daonra, d'fhás tapa fostaíochta agus d'fhás mór éilimh fuinnimh ag Éirinn. Is cruthúnas soiléir é sin ar shamhail eacnamaíoch an-rathúil agus an-athléimneach, le linn tréimhse luaineach inar tharla eachtraí amhail an Breatimeacht, paindéim dhomhanda, an cogadh san Úcráin agus dálaí trádála idirnáisiúnta corracha. Le fás tapa na hÉireann, áfach, díríodh aird ar shrianta in acmhainn bonneagair fhisiciúil na tíre, agus ar bhaic struchtúrtha ar fhorbairt eacnamaíoch thapa leanúnach.

## Iomaíochas agus Táirgiúlacht

Le Clár an Rialtais, éilítear ar Phlean Gníomhaíochta um Iomaíochas agus Táirgiúlacht a ullmhú, i bhfianaise na timpeallachta eacnamaíche idirnáisiúnta atá i gcónaí ag athrú. Díreoidh an Plean Gníomhaíochta ar chúrsaí atá faoi smacht intíre na hÉireann, a fhéadfaidh geilleagar na hÉireann a dhéanamh níos iomaíche agus níos 'turraingfhriotaíche' maidir le heachtraí eacnamaíocha díobhálacha sa todhchaí. Ní mór don phlean a bheith bunaithe ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta agus ar rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara; más mian le hÉirinn dul san iomaíocht ar an teorainn ní mór di í féin a chur i gcomparáid le piaraí den chéad scoth a bhfuil an uaillmhian acu dul san iomaíocht ar an imeall ceannródaíoch.

Tarlaíonn an fócas sin ar iomaíochas i gcomhthéacs idirnáisiúnta athraitheach agus aird mhéadaithe an AE ar dhinimiciúlacht eacnamaíoch san Eoraip a threisiú, mar a thugtar chun suntais i dtuarascálacha le déanaí agus i 'gCompás Iomaíochais' de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. Cé go mbaineann Éire leas as fórsa saothair oilte agus as rath maidir le IDC ardluacha a mhealladh, tá dúshláin ann go fóill, go mór mór i leith acmhainn bonneagair agus an costas ard a bhaineann le déanamh gnó le taobh tíortha iomaitheora.

## Straitéisí Earnálacha Barrthábhachtacha

Tá sé ríthábhachtach straitéisí náisiúnta earnálacha atá ailínithe le príomhspreagadh fáis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun deiseanna fáis ó fhiontair nua agus atá ann cheana féin i gcroíearnálacha na hÉireann a bhaint amach sa todhchaí. Áirítear leis sin an Straitéis nua Náisiúnta Leathsheoltóra - 'Oileán Sileacain - an Straitéis Náisiúnta um Eolaíocht na Beatha' agus athbhreithnithe ar straitéisí náisiúnta Digiteacha agus IS.

Ní hamháin gur treoirphlean maidir le fás earnálach é 'Oileán Sileacain' ach is uirlis chumhachtach é freisin maidir leis an margadh a éagsúlú, go háirithe chun infheistíocht dhíreach choigríche ó chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta nua a mhealladh, ar fud na hÁise san áireamh.

Chun straitéis 2026 i leith seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta a ullmhú agus, ina dhiaidh sin, a chur i bhfeidhm, measfaidh an Roinn Airgeadais tuilleadh deiseanna an margadh a éagsúlú. Tá an-bhéim á cur ag an Roinn Airgeadais air sin faoi láthair sa straitéis reatha dar teideal Ireland for Finance. Mar thír a fhéachann chun cinn, léiríonn Éire an-mheas ar an réimse leathan caidreamh domhanda a chuimsíonn earnáil na seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta in Éirinn. Tá ról lárnach ag an Aire Stáit sa Roinn Airgeadais

buanna na hÉireann a chur chun cinn mar mhol seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta go domhanda, agus déanann an Roinn rannpháirtíocht ar leibhéal na n-airí agus oifigigh shinsearaigh araon, ag déanamh rannpháirtíochta intíre agus go hidirnáisiúnta araon ar cheapadh agus ar phlé beartais agus chun aird a tharraingt ar ghuth na hÉireann.

Trí na straitéisí seo [straitéisí earnálacha maidir le Fiontar Digiteach, Eolaíochtaí na Beatha agus Spáis] a úsáid mar ardáin struchtúrtha chun infheistíocht nua a mhealladh agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt le sraith tíortha níos leithne, go háirithe tíortha Mhargadh Aonair an AE agus le cláir faoi stiúir na Bruiséile, amhail Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa (IPCEInna) agus Príomh-mhargaí, is féidir le hÉirinn éagsúlú a leabú isteach in ailtireacht ár samhla forbartha eacnamaíche. Tá sé sin ag teacht i gcomhréir lenár spriocanna náisiúnta athléimneachta agus le béim an AE, i ndiaidh na Tuarascála Draghi, ar nuálaíocht, slándáil eacnamaíoch agus slabhraí luacha oscailte agus daingne.

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Beidh Idir-Thrádáil Éireann, i gcomhpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann agus Invest Northern Ireland, chun Scéim Fiontair um Oileán Comhroinnte (2025 – 2027) a sheachadadh, ag tacú le cnuasaigh uile-oileáin a fhorbairt agus a mhéadú in earnálacha tosaíochta (e.g., gaoth amach ón gcósta) chun méid agus acmhainn easpórtála de ghnólachtaí bainteacha a fhorbairt.** | 2026 – 2027 | Idir-Thrádáil Éireann / FÉ / Invest NI |
| **Leanfaidh Idir-Thrádáil Éireann de Chláir Nuálaíochta thrasteorann chomhoibríocha a sheachadadh. Cuirfidh siad sin tacaíocht ar fáil ar fud earnálacha déantúsaíochta agus ar fud seirbhísí intrádála chun dúshláin theicniúla nó a bhaineann le nuálaíocht, a chuireann srianta ar chumas FBManna dul i méid, a shárú, chun táirgiúlacht a fheabhsú nó chun dul in iomaíocht go héifeachtach laistigh dá margaí féin.** | Ar siúl faoi láthair | Idir-Thrádáil Éireann |
| **Chun straitéis 2026 i leith seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta a ullmhú agus, ina dhiaidh sin, a chur i bhfeidhm, deiseanna le haghaidh Éagsúlú an Mhargaidh a mheas.** | 2026 | RA / GFT |

| Gníomh | Cur i gcrích | Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|
| **Borradh a chur faoi nuachóiriú seachadta seirbhíse víosa chun próiseas éifeachtach, cothrom agus intuartha a chinntiú a éascaíonn taisteal tráthúil isteach go hÉirinn le haghaidh gnó, lena n-áirítear oibrithe, mic léinn agus turasóirí atá ríthábhachtach agus luachmhar a mhealladh. Ba cheart go mbeadh amanna slánúcháin níos tapúla gus níos comhsheasmhaí, cumarsáid níos fearr agus seirbhísí spriocdhírithe d'iarratasóirí gnó mar thoradh air sin.** | Ar siúl faoi láthair | An Roinn Dlí agus Cirt (RDC) |
| **An próiseas ceadanna aonair agus digitiú an phróisis ceadúnais a fhorbairt chun comhtháthú seirbhíse agus feabhsuithe seachadta a áirithiú.** | 2027 | RFTF / RDC |
| **Infheistíocht agus acmhainní a mhéadú chun tacú le próiseas níos tapúla víosaí agus ceadanna dlíthiúla imirce.** | Ar siúl faoi láthair | An Roinn Dlí agus Cirt (RDC) |
| **Roghanna brostaithe do víosaí a scrúdú agus a thabhairt isteach go práinneach le haghaidh earnálacha ardéilimh chun cead isteach níos gasta a éascú do ghairmithe oilte mar atá tuartha i gClár an Rialtas.** | Ar siúl faoi láthair | RFTF / RDC |
| **Cuireann ÚCNÉ ceaduithe CE agus UKAS ar fáil do chuideachtaí tógála Éireannacha le haghaidh tionscadal tógála a mhéadaíonn tarraingteacht earraí Éireannacha i margadh an RA.** | Ar siúl faoi láthair | ÚCNÉ / FÉ / RFTF |
| **Seirbhís SFF a fhairsingiú chun tairiscint chreidiúnaithe a chur ar fáil do chomhlachtaí tógála Éireannacha chun iad a chumasú maidir le tairiscint a chur isteach do thionscadail Eorpacha.** | Ar siúl faoi láthair | ÚCNÉ |
| **Tríd an bpróiseas meastachán, ciste a lorg le haghaidh gníomhaíochta breise chun Imeachtaí Gnó a mhéadú, chun borradh a chur faoi FBManna turasóireachta agus faoin ngeilleagar níos leithne araon.** | 2026 | Turasóireacht Éireann |



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland